Taighde arna mhaoiniú ag SCoTENS

Meitheamh 2023

# Cumas múinteoirí agus ceannaireachta a fhorbairt san oideachais lán-Ghaeilge: Anailís ar inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas

**TJ Ó Ceallaigh**
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**Gabrielle Nig Uidhir**
**Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste**

# Clár Ábhar

BUÍOCHAS ..... 3

GIORRÚCHÁIN ..... 3

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN ..... 4

RÉAMHRÁ ..... 6

AN TUMOIDEACHAS IN ÉIRINN SA LÁ ATÁ INNIU ANN ..... 6
RÉASÚNAÍOCHT AN TAIGHDE AGUS NA CEISTEANNA TAIGHDE ..... 6
FORMÁID NA TUARASCÁLA ..... 7
SCOTENS MAR ARDÁN LE HAGHAIDH AN CHOMHOIBRITHE ..... 7

COMHTHÉACS STRAITÉISEACH: ACHOIMRE AR AN SOLÁTHAR REATHA OIDEACHAIS LÁN-GHAEILGE ..... 8

RÉAMHRÁ AGUS FORBAIRT AN OIDEACHAIS MÚINTEOIRÍ LE HAGHAIDH EARNÁIL AN OIDEACHAIS LÁN-GHAEILGE ..... 8
AN DÚSHLÁN A THUISCINT ..... 8
SOLÁTHAR OIDEACHAIS MÚINTEOIRÍ LÁN-GHAEILGE I DTUAISCEART ÉIREANN ..... 9
SOLÁTHAR OIDEACHAIS MÚINTEOIRÍ LÁN-GHAEILGE I BPOBLACHT NA HÉIREANN ..... 10
CREAT BONNLÍNE INNIÚLACHTAÍ GAIRMIÚLA LE HAGHAIDH MÚINTEOIRÍ TUMOIDEACHAIS ..... 10

PRÍOMHTHORTHAÍ ÓN LÉIRBHREITHNIÚ AR AN LITRÍOCHT ..... 12

RÉAMHRÁ ..... 12
LUACHANNA MÚINTEOIRÍ TUMOIDEACHAIS ..... 12
EOLAS MÚINTEOIRÍ TUMOIDEACHAIS ..... 12
SCILEANNA AGUS CLEACHTAIS OIDEOLAÍOCHA ..... 13
CEANNAIREACHT AGUS CUMAS ..... 13

MODHEOLAÍOCHT ..... 15

ROGHNÚ NA RANNPHÁIRTITHE ..... 15
BAILIÚ SONRAÍ ..... 15
ANAILÍS AR SHONRAÍ ..... 16
CÚRSAÍ EITICIÚLA ..... 17

PRÍOMHTHORTHAÍ ÓN ANAILÍS AR SHONRAÍ AGUS PLÉ ..... 18

FÍS AGUS LUACHANNA ..... 18
COMHTHÉACS COINCHEAPÚIL ..... 18

GUTH NA NGAIRMITHE LÁN-GHAEILGE .......... 18
CONAS A SHONRAÍTEAR NA LUACHANNA AGUS NA PRIONSABAIL SIN SA CHLEACHTAS? .......... 19
CONCLÚID .......... 21
**EOLAS MÚINTEOIRÍ LE HAGHAIDH AN TUMOIDEACHAIS .......... 21**
COMHTHÉACS COINCHEAPÚIL .......... 21
GUTH NA NGAIRMITHE LÁN-GHAEILGE .......... 21
CONAS A CHOTHAÍTEAR EOLAS AN MHÚINTEORA A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN TUMOIDEACHAS? .. 24
CONCLÚID .......... 26
**SCILEANNA AGUS CLEACHTAIS OIDEOLAÍOCHA .......... 27**
COMHTHÉACS COINCHEAPÚIL .......... 27
GUTH NA NGAIRMITHE LÁN-GHAEILGE .......... 27
CONAS A SHONRAÍTEAR NA SCILEANNA AGUS NA STRAITÉISÍ OIDEOLAÍOCHA SIN SA CHLEACHTAS? .......... 28
CONCLÚID .......... 31
**TEORAINNEACHA AN TAIGHDE .......... 31**

**CONCLÚID .......... 33**

**FÍS CHOITEANN UILE-OILEÁIN CHUN MÚINTEOIRÍ A CHUMHACHTÚ .......... 33**
**IMPLEACHTAÍ LE HAGHAIDH AN BHEARTAIS, AN CHLEACHTAIS AGUS AN TAIGHDE .......... 34**

**TAGAIRTÍ .......... 36**

AGUISÍN 1: ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE, CLEACHTAIS AGUS CAIGHDEÁIN LE HAGHAIDH AN TUMOIDEACHAIS .......... **42**

Fíor 1: An méadú ar líon na ndaltaí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, 32 contae, 2000-2021 8

Tábla 1: Achoimre ar mhodhanna bailithe sonraí agus ar rannpháirtithe 15

Tábla 2: Comhthéacsanna ina dtacaítear le forbairt eolas an mhúinteora a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas 25

## Buíochas

Mhaoinigh an t-eagras SCoTENS an taighde seo agus tá na taighdeoirí an-bhuíoch as an deontas síol-mhaoinithe agus as an tacaíocht a cuireadh ar fáil i rith na hoibre.

Gabhaimid buíochas do na múinteoirí, príomhoidí scoile, soláthróirí oideachas múinteoirí agus na mic léinn oideachais a roinn a gcuid saineolais agus taithí go flaithiúil linn nuair a bhí muid ag bailiú sonraí. Aithnítear an cuidiú luachmhar a thug Eimear Nic Oitir agus Laura Lukasik, múinteoirí nuacháilithe, leis an léirmheas ar an litríocht. Tugtar buíochas ó chroí le Chris McDowell as an tseirbhis aisteoireachta agus profléitheoireachta a chuir sé ar fáil dúinn.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don fhoireann leabharlainne i gColáiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste, i gColáiste Mhuire gan Smál Luimneach agus in Ollscoil Chorcaigh, as an chuidiú a thug siad le cuartú foinsí. Thug Gaeloideachas agus Comhairle na Gaelscolaíochta sonraí uasdátaithe a bhain le líon scoileanna agus tá muid buíoch as an tsuim a léirigh siad san obair.

Mar fhocal scoir, tugaimid buíochas dár gcomhleacaithe acadúla a léirigh speis sa taighde, a spreag smaointe agus a nocht tuairimí criticiúla go dearfach.

## Giorrúcháin

T2 An dara teanga (sprioctheanga)
FCÁT Foghlaim chomhtháite ábhair agus teanga
OSIE Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta

## Achoimre feidhmiúcháin

Cineál oideachais dhátheangaigh is ea an t-oideachas lán-Ghaeilge ina ndéantar an t-ábhar a theagasc do dhaltaí trí mheán mionteanga atá á foghlaim acu ar scoil. Tá fás mór tagtha ar an oideachas sin ó na 1970idí agus tá 66477 dalta ( 5%) ag gabháil dó i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in Éirinn faoi láthair: 60,059 dalta i bPoblacht na hÉireann agus 6,418 dalta i dTuaisceart Éireann (www.gaeloideachas.ie; https://gaeloideachas.ie/). Ina theannta sin, is ann do ghréasán fairsing naíonraí friothálacha lán-Ghaeilge ar fud an oileáin, agus is bunchloch thábhachtach iad sin don oideachas bunscoile lán-Ghaeilge. Tá na naíonraí sin ar an mbealach isteach ar an oideachas lán-Ghaeilge ag formhór na dteaghlach. Gan beann ar an tóir agus ar an rath níos mó atá orthu, tá sé deacair i gcónaí cláir oideachais lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Bíonn ar mhúinteoirí a bheith ag brath go minic ar a mbreithiúnas gairmiúil agus ar a dtaithí ghairmiúil féin ceal acmhainní atá bunaithe ar thaighde amhail creat teanga le haghaidh daltaí nó fardal cuimsitheach ar inniúlachtaí múinteoirí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas (Ó Ceallaigh et al., 2019; Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021). An gá le feabhas a chur ar ghnéithe áirithe den soláthar oideachais lán-Ghaeilge, éiríonn an gá sin níos criticiúla faoi mar a thagann fás ar an earnáil (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018). Tá scoláirí ar aon intinn go mbíonn bonn eolais agus tacar sainscileanna oideolaíocha ar leith ag teastáil sa tumoideachas – atá an-difriúil lena mbíonn ag teastáil sa teagasc traidisiúnta ábhair nó teanga – agus gurb iad luachanna gairmiúla a stiúrann an tumoideachas (mar shampla Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Mac Corraidh, 2008, 2021; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018). In ainneoin an chorpais fhairsing taighde ar an ilteangachas, níor sainaithníodh go sonrach i staidéir ná i dtreoirlínte curaclaim ar bith na hinniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas a bhíonn de dhíth san oideachas lán-Ghaeilge. Tá aitheantas breise á thabhairt ar na héilimh níos mó atá i gceist leis an oideachas lán-Ghaeilge i dtéarmaí saineolas agus eolas ar an disciplín (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020), ach níl tuiscint mhaith againn ná níl tuairisc shoiléir déanta ar a bhfuil i gceist le bonn eolais den scoth le haghaidh an oideachais lán-Ghaeilge. Anuas air sin, na luachanna atá mar bhonn faoin obair a bhíonn ar siúl ag múinteoirí lán-Ghaeilge agus a threoraíonn agus a múnlaíonn an obair sin, is gá iad a shainmhíniú fós.

Is é aidhm an staidéir seo an bonn eolais sin a shainaithint ar dtús .i. inniúlachtaí gairmiúla sainiúla a meastar iad mar a bheith bunriachtanach do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge in Éirinn, agus ina dhiaidh sin samplaí a thabhairt de na hinniúlachtaí gairmiúla sainiúla sin sa chleachtas. Baineadh leas as ceistneoir fairsing ar líne, siompóisiam le múinteoirí faoi oiliúint, agallaimh aonair, agus agallaimh le fócasghrúpaí, agus bailíodh sonraí ó na príomhpháirtithe leasmhara (n=78) ar fud chontanam an oideachais lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann, mar shampla múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí i mbun oibre, príomhoidí, soláthraithe oiliúna tosaigh múinteoirí.

Tháinig trí théama leathana chun cinn le haghaidh na hanailíse ar shonraí – fís agus luachanna, eolas múinteoirí le haghaidh an tumoideachais, agus scileanna agus cleachtais oideolaíocha. Leagtar amach raon inniúlachtaí bunriachtanacha faoi gach téama sa tuairisc. Leis na torthaí ó staidéar seo SCoTENS, d'fhéadfaí bonn eolais a chur faoi dhearadh creata le haghaidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas in Éirinn. Le creat den sórt sin, chuirfí ar a gcumas do mhúinteoirí lán-Ghaeilge gabháil d'iniúchadh ar a gcleachtas ar bhealach leanúnach, domhain, córasach

agus machnamhach. Is mian leis na taighdeoirí a léiriú go soiléir nach mar shraith iomlán tuairiscíní gan athrú a chuirtear i láthair croí-inniúlachtaí an mhúinteora tumoideachais. Ina ionad sin, tá siad nasctha go dlúth le féiniúlacht mhachnamhach, athraitheach agus ghiniúnach an mhúinteora lán-Ghaeilge agus ba cheart dul siar orthu, iad a athbhreithniú agus forbairt bhreise a dhéanamh orthu mar is cuí. An dul chun cinn a dhéanfar i dtreo na sprice sin, braithfidh sé cuid mhór ar thiomantas an lucht déanta beartas chun croí-inniúlachtaí an tumoideachais a fhréamhú i gcreataí cáilíochtaí agus caighdeáin a ghlacadh le haghaidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí lena ndéantar dearadh, measúnú agus cistiú tionscnamh foghlama gairmiúla san oideachas lán-Ghaeilge a threorú. Ar an gcaoi sin, chuirfí ar a gcumas do mhúinteoirí lán-Ghaeilge croí-inniúlachtaí sin an tumoideachais a léiriú agus a fhorbairt.

# Réamhrá

## An tumoideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann

Cineál oideachais dhátheangaigh is ea an tumoideachas ina ndéantar an t-ábhar a theagasc do dhaltaí trí mheán an dara teanga, teanga iasachta, teanga oidhreachta nó teanga dhúchais. D'fhéadfaí a rá gur i lár na 1960idí a cuireadh tús leis an gcur chuige seo i leith an teagaisc sa dara teanga (T2) nuair a cuireadh tús leis na cláir thumoideachais i gCeanada (Lambert & Tucker, 1972). Is iomaí tír ar fud an domhain sa lá atá inniu ann a chuireann cláir thumoideachais i bhfeidhm. Is iomaí cineál cláir atá ann, agus bíonn go leor éagsúlachtaí eatarthu. Téann an comhthéacs sochtheangeolaíoch agus cultúrtha i bhfeidhm ar gach clár. Bíonn teangacha éagsúla, spriocanna éagsúla agus foghlaimeoirí éagsúla ag cláir. Is samhail saibhriúcháin dhátheangach í an tsamhail tumoideachais a bhíonn in úsáid i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn .i. is é an dátheangachas suimitheach agus an délitearthacht an aidhm atá leis, mar aon leis an mionteanga agus an cultúr mionlaigh a fhairsingiú agus a athbheochan i measc an phobail agus go náisiúnta. Maítear go comhsheasmhach sa taighde ar an tumoideachas gur modh iontaofa atá ann chun teangacha a theagasc, chun ábhar a theagasc, agus chun iad sin a dhéanamh go rathúil gan dochar a dhéanamh do chéad teanga na bhfoghlaimeoirí (Genesee et al., 2006; Hunt, 2011; Tedick & Lyster, 2020; Thomas & Collier, 2017). Tá ár mbonn eolais maidir leis an tumoideachas ag méadú de shíor, agus tá buntacaíocht ann i gcónaí don tumoideachas i measc tuismitheoirí, lucht oideachais, agus lucht déanta beartas ar gach leibhéal. Bíodh is go bhfuil lear mór taighde déanta ar chláir thumoideachais go hidirnáisiúnta, is ann do roinnt ceisteanna i gcónaí.

## Réasúnaíocht an taighde agus  na ceisteanna taighde

Cé gur tugadh faoi deara gur tháinig forbairt mhór ar scileanna gabhchumais na ndaltaí san éisteacht agus sa léitheoireacht sa sprioctheanga, léiríodh go comhsheasmhach i bhformhór an taighde a rinneadh ar scileanna ginchumas daltaí sa chaint agus sa scríobh go raibh míchruinneas teanga le sonrú sa sprioctheanga (Harley, 1984, 1992; Hoare & Kong, 2008; Nig Uidhir et al., 2020; Ó Duibhir, 2009, 2018). Ní leor teagmháil le hábhar leis féin chun lucht labhartha atá idir inniúil agus dátheangach a chruthú. Dá bhrí sin, chun go n-éireodh le cláir thumoideachais a n-aidhmeanna a bhaint amach ar gach bealach, ní mór staidéar ar an teanga agus ar an ábhar ag an am céanna a spreagadh. Faoi mar a thagann méadú ar éilimh chognaíocha an ábhair acadúil, tagann méadú ar na héilimh ó thaobh teanga de ar dhaltaí an tumoideachais chomh maith. Dá bhrí sin, cibé acu an suíomh luath-óige nó rang iar-bhunscoile atá ann, beidh inniúlachtaí gairmiúla múinteoirí, ar inniúlachtaí iad a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus ar a n-áirítear oilteacht teanga, ríthábhachtach do dhul chun cinn na ndaltaí agus do rath an chláir (Mac Corraidh, 2021; Mhic Aoidh, 2021). Idir uathúil agus chasta atá an bonn eolais agus na scileanna oideolaíocha atá ag teastáil chun freastal ar dhúshláin an oideachais lán-Ghaeilge (mar shampla Lyster, 2007; Lyster & Tedick, 2014). Mar sin féin, go dtí seo, ní aithníonn ach líon beag staidéar na hinniúlachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus a bhíonn de dhíth sa tumoideachas. Thairis sin, is teirce fós an taighde ina bhféachtar ar an gcaoi a dtagann na hinniúlachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas chun cinn sa chleachtas. Freagraíonn an staidéar seo don bhearna sin sa litríocht trí fhéachaint ar dhá cheist taighde a bhaineann lena chéile:

- Céard iad na hinniúlachtaí gairmiúla ar leith a meastar iad a bheith bunriachtanach le haghaidh múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge?

- Maidir leis na hinniúlachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, conas a bhíonn siad le sonrú sa chleachtas?

Ach aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, tá sé mar aidhm ag na taighdeoirí tuiscint a fháil ar inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge agus ar na luachanna, ar an eolas, ar na scileanna agus ar na cleachtais a bhaineann leo, agus cur le forbairt earnáil an oideachais lán-Ghaeilge in Éirinn. Tá gá le creat gairmiúil ina n-aithnítear inniúlachtaí speisialaithe chun freagairt go cuí ar riachtanais múinteoirí lán-Ghaeilge a bhaineann go sonrach le disciplín ar leith agus ar a bhfás gairmiúil, rud a chuirfidh feabhas ar ghnóthachtáil na ndaltaí lán-Ghaeilge. Is tráthúil tábhachtach é aghaidh a thabhairt ar an staidéar seo mar féachann sé chuig snáithe taighde a chur i láthair atá fágtha ar leataobh ag lucht an léinn in Éirinn go dtí seo.

### Formáid na tuarascála

Tugtar sainmhíniú ar an oideachas lán-Ghaeilge i gcomhthéacs na hÉireann ag tús na tuarascála, agus tugtar achoimre ar a fhás agus ar a fhorbairt mar shamhail oideachais. Féachtar ar chuid de na tacaíochtaí, na buncheisteanna agus na conspóidí tábhachtacha i dtaca le beartas an oideachais lán-Ghaeilge. Ina dhiaidh sin, cuirtear i láthair sintéis ar an litríocht ina bhféachtar ar inniúlachtaí an mhúinteora tumoideachais, agus tugtar aird ar leith ar na ceithre phríomhthéama a tháinig chun cinn: fís agus luachanna; eolas múinteoirí; scileanna agus cleachtais oideolaíocha; agus ceannaireacht agus cumas. Cuirtear i láthair an dearadh taighde agus an mhodheolaíocht a úsáidtear sa staidéar seo, agus ansin féachtar ar anailís ar na torthaí agus déantar plé ar na torthaí agus ar mholtaí.

### SCoTENS mar ardán le haghaidh an chomhoibrithe


Bhí sé mar aidhm leis an staidéar cur le tuiscint chomhroinnte ar inniúlachtaí gairmiúla an mhúinteora lán-Ghaeilge. Leis an bpróiseas taighde, cruthaíodh spás machnaimh le haghaidh cleachtóirí an oideachais lán-Ghaeilge chun machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht féin mar mhúinteoirí lán-Ghaeilge i gcomhar le comhghleacaithe ó institiúidí eile. Is annamh a fhaightear an deis sin sa saol gairmiúil gnóthach agus luaigh na rannpháirtithe é mar cheacht forbartha gairmiúla ann féin. I ndeireadh na dála, ba í rannpháirtíocht fhlaithiúil thuisceanach ghairmiúil na rannpháirtithe go léir, ar ceannairí foghlama iad ar fad san oideachas lán-Ghaeilge, a chuir bonn eolais faoin obair seo. Tugadh tús áite don uileghabhálacht ó thús deireadh an tionscadail, agus ba é raon feidhme an tionscadail agus é sin amháin a bhí mar theorainn leis. Cruthaíodh caidrimh dhearfacha nua ar gach leibhéal pleanála, bailithe sonraí agus machnaimh chriticiúil. Bhain múinteoirí faoi oiliúint ó cheithre institiúid tairbhe as an deis chun a bpleananna ceachta a chomhroinnt le chéile ag an Siompóisiam le haghaidh Mic Léinn agus chun léargais agus iarrachtaí a gcomhghleacaithe a mholadh. Cuireadh agallamh aonair ar mhúinteoirí ó scoileanna agus ó aonaid lán-Ghaeilge ar fud na hÉireann. Bhí deis ag príomhoidí scoile teacht le chéile ar líne agus tabhairt faoi phlé in éineacht le comhghleacaithe ó scoileanna lán-Ghaeilge eile ó gach cearn den oileán, limistéir Ghaeltachta ina measc. Oideoirí múinteoirí ó chláir oideachais múinteoirí tumoideachais i gceithre institiúid, bhain siad tairbhe as a stór saibhir saineolais chun peirspictíochtaí comhchoiteanna agus éagsúla araon ar an ullmhú múinteoirí a chur i láthair mar aon leis na hinniúlachtaí sainiúla i ngairm an teagaisc tumoideachais. Deis uathúil a bhí ann chun machnamh comhroinnte a dhéanamh ar réimse den soláthar oideachais a bhfuil fás tagtha air le blianta beaga anuas.

# Comhthéacs straitéiseach: Achoimre ar an soláthar reatha oideachais lán-Ghaeilge

## Réamhrá agus forbairt an oideachais múinteoirí le haghaidh earnáil an oideachais lán-Ghaeilge

Cineál oideachais dhátheangaigh is ea an t-oideachas lán-Ghaeilge ina ndéantar an t-ábhar a theagasc do dhaltaí trí mheán mionteanga atá á foghlaim acu ar scoil. Tá roinnt scoileanna lán-Ghaeilge lonnaithe i bpobail Ghaeltachta. Is é athbheochan/athnuachan na teanga dúchais (.i. an Ghaeilge) tríd an gcóras oideachais is aidhm don tsamhail seo oideachais lán-Ghaeilge atá ag dul ó neart go neart mar a léirítear i bhFíor 1 thíos.

Fíor 1: An méadú ar líon na ndaltaí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, 32 contae, 2000-2021.




(www.gaeloideachas.ie)

## An dúshlán a thuiscint

Gan beann ar fhorbairtí i soláthar an oideachais lán-Ghaeilge, bíonn sé deacair cláir thumoideachais a chur i bhfeidhm agus bíonn dúshláin shainiúla ag baint leo le haghaidh múinteoirí, foghlaimeoirí agus

tuismitheoirí araon (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018). Léirítear go comhsheasmhach sa taighde le tamall de bhlianta anuas nach mbíonn scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais ag teacht le noirm theanga i réimsí amhail cruinneas agus castacht na gramadaí, sainiúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch (Maguire, 1990; Ó Duibhir, 2009, 2018; Walsh, 2007), agus tá fianaise ann freisin nach bhfuil noirm an chainteora dúchais ná sealbhú iomlán ná saibhriú na teanga á mbaint amach ag cainteoirí dúchais óga (Pétervláry, 2014). Mar thoradh air sin, tá spéis níos mó á cur i sainaithint an bhoinn eolais bhunriachtanaigh agus na gcleachtas teagaisc a ghabhann leis do chomhthéacsanna tumoideachais, rud a chuirfidh ar a gcumas do na daltaí leibhéal ard inniúlachta a bhaint amach sa sprioctheanga. Dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag an ullmhú múinteoirí agus ag an bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí i rath leanúnach na gclár oideachais lán-Ghaeilge (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018). Straitéis thábhachtach atá san fhoghlaim ghairmiúil le háirithiú go mbíonn sé ar a gcumas ag múinteoirí lán-Ghaeilge tacú le foghlaim dhomhain chasta na ndaltaí sa seomra ranga. Leis an bhfoghlaim ghairmiúil éifeachtach a chur i bhfeidhm go rathúil, ní mór freagairt do riachtanais na múinteoirí agus na bhfoghlaimeoirí san earnáil lán-Ghaeilge agus do na comhthéacsanna tumoideachais ina ndéantar an teagasc agus an fhoghlaim .i. sainaithint inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge. Tá tábhacht bhunúsach le beartais a ailíniú i dtreo sraith chomhsheasmhach cleachtas le haghaidh forbairt múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge. Féachfar anois ar roinnt de na príomhbheartais agus de phríomhthograí an rialtais a théann i bhfeidhm ar an bhforbairt múinteoirí le haghaidh an tumoideachais.

### Soláthar oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann

Tá fairsingiú an oideachais lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann faoi lánseol le 25 bliain anuas. Cuireadh tús le ré nua san oideachas múinteoirí lán-Ghaeilge in 1996 nuair a cuireadh tús leis an gclárúchán ar chlár iarchéime lán-Ghaeilge nua (PGCE) agus ar chlár dátheangach Baitsiléara Oideachais le béim ar an nGaeilge (Maguire, 2006; Mhic Aoidh et al., 2012; Nig Uidhir, 2006). Níos mó ná deich mbliana ina dhiaidh sin, chuir an Roinn Oideachais tús le tionscnamh comhpháirtíochta idir trí institiúid ardoideachais sa Tuaisceart chun cúrsa speisialaithe a chur ar fáil d'ábhair múinteoirí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge (Farren et al., 2019). Mar sin féin, tá an t-earcú múinteoirí ina dhúshlán mór i gcónaí san earnáil seo a bhfuil borradh fúithi.

I dTuaisceart Éireann, cé go dtugtar achoimre in *Teaching: The Reflective Profession* (GTCNI, 2007) ar sheacht n-inniúlacht teagaisc is fiche, ní shainaithnítear ach in aon inniúlacht amháin díobh eolas speisialaithe agus scileanna ar saintréith de chuid an mhúinteora lán-Ghaeilge iad. Inniúlachtaí ginearálta atá sna hinniúlachtaí eile gan aon chomhthéacs sonrach ina bhféachtar ar an obair mhór a bheadh i gceist chun cuid díobh a chur in oiriúint don mhúinteoir lán-Ghaeilge. In 2019, thionóil GTCNI meitheal chun athbhreithniú a dhéanamh ar na 27 inniúlacht a leagtar amach in *Teaching: The Reflective Profession* (2007) chun iad a dhéanamh níos praiticiúla d'úsáideoirí (DE, 2016). Cé nár foilsíodh an creat foghlama gairmiúla athbhreithnithe go fóill, cuirtear i láthair é ar bhealach grafach mar lionsa agus sainaithnítear ceithre mhór-réimse inniúlachta: eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm; dul i gcomhar le daoine eile; fadhbanna a réiteach; agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach. Leagtar amach ráitis inniúlachta laistigh de gach réimse mar an leibhéal íosta a mbeadh coinne leis, agus is féidir le múinteoirí cur leo ag brath ar chomhthéacs sainiúil a scoile (SMUCB, 2021). An dúshlán atá roimh earnáil an oideachais lán-Ghaeilge i gcónaí, mar sin, ná inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge a shainaithint agus iad sin a ailíniú leis na treoirlínte le haghaidh na foghlama gairmiúla.

## Soláthar oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann

Cuimsítear modúil roghnacha shonracha le gach clár oiliúna tosaigh múinteoirí i bPoblacht na hÉireann ina ndírítear ar an oideachas lán-Ghaeilge agus ar oideolaíocht agus ar theoiric an dátheangachais. I ndáil leis an soláthar oiliúna tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile san earnáil lán-Ghaeilge, tá clár amháin, an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas, ar fáil in Ollscoil na Gaillimhe. Tá cúrsa iarchéime eile, an Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, á chur ar fáil ag Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, ó bhí 2012 ann agus freastalaíonn sé ar riachtanais ghairmiúla múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile atá ag obair i ngort an oideachais lán-Ghaeilge. Tháinig roinnt forbairtí beartais chun cinn le déanaí (mar shampla *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2016-2022*) agus bhí tionchar dearfach acu sin ar an soláthar oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge. An Roinn Oideachais a mhaoiníonn iomlán an chúrsa Máistreachta san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál ó bhí 2018 ann. Ina theannta sin, cuireadh tús le Baitsiléir Oideachais trí mheán na Gaeilge (lán-mhaoinithe) ag Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath, agus tá sé dírithe ar mhic léinn ar mian leo dul i mbun teagaisc trí Ghaeilge in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge ag an leibhéal bunscoile. In ainneoin an tsoláthair reatha, aibhsítear go comhsheasmhach sa taighde nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais shonracha múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2020; Ó Ceallaigh et al., 2019; Ó Duibhir, 2018).

Mar sin féin, tá cuma na maitheasa ar an bPolasaí ar an Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, a bhfuil coinne lena sheoladh in 2023. Féachfar ann ar an gcaoi ar féidir cur leis an soláthar múinteoirí ag a bhfuil an inniúlacht teanga agus an bonn eolais oideolaíoch atá de dhíth chun freastal ar an éileamh san earnáil lán-Ghaeilge. In *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* (2020), leagtar amach na riachtanais is gá a chomhlíonadh ar gach clár cáilíochta don teagasc in Éirinn chun creidiúnú a fháil ón gComhairle Mhúinteoireachta. Tá sé ar an tagarmharc freisin le haghaidh aon duine ar mian leis clárú mar mhúinteoir in Éirinn. Cé go gcuirtear béim ar chothú fhéiniúlacht agus acmhainneacht an mhúinteora, ar gnéithe iad atá bunriachtanach le haghaidh an teagaisc ardchaighdeáin sa tumoideachas (mar shampla Cammarata & Tedick, 2012; Ó Ceallaigh et al., 2019), níl sainiúlacht don earnáil lán-Ghaeilge sna caighdeáin le haghaidh múinteoirí a bhfuil céim acu. Ina theannta sin, in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022* (an Roinn Oideachais, 2022), soláthraítear léargas cuimsitheach ar chaighdeáin cháilíochta le haghaidh an teagaisc agus na ceannaireachta scoile araon. Cé go n-úsáideann ceannairí scoile lán-Ghaeilge an creat sin chun machnamh a dhéanamh ar an soláthar oideachais ina scoileanna agus chun an soláthar a bheachtú, d'fhéadfaí a mhaíomh nach bhfuil an tsainiúlacht ann atá riachtanach le haghaidh fhorbairt mhúnlaitheach leanúnach na scoile lán-Ghaeilge. Dá bhrí sin, ar mhaithe leis an obair sin a chur chun cinn agus a chomhlánú, tá sé ríthábhachtach bonn eolais a shainaithint a bhaineann go sonrach leis an ngairm (.i. inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas) lena gcuirfear bonn faoin gcleachtas agus faoi chreidiúnú clár oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge.

## Creat bonnlíne inniúlachtaí gairmiúla le haghaidh múinteoirí tumoideachais

Tá sainaithint inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas (.i. luachanna, eolas, tuiscint, scileanna agus cleachtais ghairmiúla) bunriachtanach chun fás gairmiúil múinteoirí agus gnóthachtáil

daltaí a spreagadh. Tá an taighde ar ghnéithe criticiúla d'eolas múinteoirí tumoideachais i mbun forbartha i gcónaí.

Le scór bliain anuas, shainaithin scoláirí saintréithe, cleachtais agus caighdeáin le haghaidh an tumoideachais (Cloud, Genesee & Hamayan, 2000; Guerrero & Lachance, 2018; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh, Hourigan & Leavy, 2017, 2019; Tedick & Mathieu, 2018).

Sainaithníonn Cloud, Genesee agus Hamayan (2000) gnéithe criticiúla den oideachas saibhrithe. Áirítear leis na gnéithe criticiúla de chláir oideachais shaibhrithe éifeachtacha rannpháirtíocht tuismitheoirí; caighdeáin arda; ceannaireacht láidir; nádúr forbartha; teagasc dírithe ar an dalta; déantar an teagasc a chomhtháthú le teagasc acadúil dúshlánach; múinteoirí machnamhacha; déantar cláir a chomhtháthú le cláir scoile eile agus le scoileanna eile; féachann na cláir leis an dátheangachas suimitheach a bhaint amach.

Molann Guerrero agus Lachance (2018) sraith caighdeán náisiúnta maidir le hullmhú múinteoirí le haghaidh oideachas dhá theanga. Le tacaíocht ó staidéir eimpíreacha, soláthraítear treoir leis na sé chaighdeán mar aon le solúbthacht áirithe chun dul i ngleic leis an iliomad comhthéacsanna áitiúla iarbhír agus grúpaí teanga. Ar réimsí na gcaighdeán, áirítear an dátheangachas agus an délitearthacht; inniúlacht shoch-chultúrtha; teagasc agus oideolaíochtaí; measúnú barántúil; gairmiúlacht; abhcóideacht agus acmhainneacht; dearadh cláir; agus ceannaireacht churaclaim.

Chuir Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017) táscairí dea-chleachtais sa tumoideachas le chéile bunaithe ar eolas ó chleachtóirí i réimse an oideachais lán-Ghaeilge. Áirítear leis na deich gcatagóir cuimsitheacht na samhla tumoideachais; struchtúr an chláir; comhtháthú agus pleanáil; freagracht; ceannaireacht agus measúnú; curaclam; oideolaíocht; forbairt ghairmiúil shaincheaptha; teagasc córasach T2/T1; naisc láidre leis an bpobal; úsáid na teanga agus an sóisialú a uasmhéadú; tacaíocht ón rialtas; agus acmhainní.

I staidéar inar féachadh ar na héilimh a bhíonn ar mhúinteoirí bunscoile réamhsheirbhíse mar fhoghlaimeoirí an tumtheagaisc, shainaithin Ó Ceallaigh, Hourigan agus Leavy (2018) na cleachtais bhunriachtanacha seo a leanas le haghaidh cur i bhfeidhm praiticiúil: pleanáil réamhghníomhach; ionchur (sothuigthe agus foirm-dhírithe); béim ar an aschur; próiseáil agus idirghníomhaíocht atá dírithe ar an mbrí; teagasc foirm-dhírithe; feasacht teanga an mhúinteora; cleachtas machnamhach; measúnú.

Dhear Tedick agus Mathieu (2018) rúibric bunaithe ar thaighde ina ndéantar cur síos ar chleachtais teagaisc éifeachtacha in dhá theanga. Ocht snáithe atá sa rúibric, agus tá gach aon snáithe roinnte ina fho-shnáitheanna sonracha. An cuspóir atá ann ná na scileanna agus an t-eolas a leagan amach ar scileanna agus eolas iad a bhaineann go huathúil leis an tumoideachas agus atá riachtanach chun leibhéal ard gnóthachtála acadúla agus forbartha dátheangachais/délitearthachta a chur chun cinn.

Bíodh is gur sainaithníodh saintréithe, cleachtais agus caighdeáin shainiúla le haghaidh comhthéacsanna tumoideachais éagsúla (tá achoimre le fáil in Aguisín 1), ní aistrítear an taighde ar oideachas múinteoirí tumoideachais thar theorainneacha go binn. Tá easpa mhór taighde ar raon leathan topaicí a bhaineann le hullmhú agus le forbairt múinteoirí tumoideachais, mar shampla an nasc idir oideachas múinteoirí agus an beartas ar chláir tumoideachais. Is ríléir an easpa sin i gcomhthéacs na hÉireann.

## Príomhthorthaí ón léirbhreithniú ar an litríocht

### Réamhrá

Féachfar anois ar chuid de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ó na creataí a luadh thuas agus ón litríocht atá ann cheana. Plé domhain ar na téamaí a shainaithnítear, ní thagann sé faoi scóip na tuarascála seo. Is léiriú atá sa léirbhreithniú coimrithe seo go bhfuil an léargas atá againn ar an tumoideachas i mbun forbartha go fóill, faoi mar atá méadú agus éagsúlacht ag teacht ar an gcóras féin.

### Luachanna múinteoirí tumoideachais

Maidir le prionsabail agus cleachtais an mhúinteora tumoideachais, aontaíonn na taighdeoirí go dteastaíonn inniúlacht i raon leathan saineolais, straitéisí agus meonta atá spleách ar a chéile agus a bhfuil forluí eatarthu ar bhealaí dinimiciúla (Cammarata & Cavanagh, 2018; Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017). Leanann sé ón mbunphrionsabal sin go mbíonn éilimh agus dúshláin shainiúla bhreise le sárú ag an múinteoir tumoideachais sa suíomh gairmiúil (Mhic Aoidh, 2020; Ní Thuairisg, 2020; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017). Ní leor mar a fhéachann an litríocht acadúil ar na cúinsí a spreagann múinteoir chun dul le rogha níos deacra sin an tumoideachais. Mar sin féin, tá léargais agus tagairtí fite fuaite tríd an litríocht lena léirítear sraith shainiúil luachanna agus féiniúlacht láidir mar mhúinteoir tumoideachais, agus is fiú féachaint níos grinne ar na gnéithe sin (Ó Ceallaigh et al., 2019; Tedick & Zilmer, 2020). Na luachanna sonracha atá mar bhonn faoi chroí-inniúlachtaí an tumoideachais, bíonn siad le fáil sa litríocht acadúil mar phrionsabail lena sainmhínítear, lena spreagtar agus lena dtreoraítear an cleachtas. Tá luachanna le fáil ar fud an taighde go léir ina bhféachtar ar fheasacht teanga agus ar oilteacht múinteoirí (Mhic Aoidh, 2021; Ó Ceallaigh, 2020), tiomantas múinteoirí i leith na foghlama gairmiúla (Ó Ceallaigh et al., 2019), agus tábhacht na gcomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí (Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2021; Nig Uidhir et al., 2018; Ó Duibhir et al., 2017).

### Eolas múinteoirí tumoideachais

Bíonn foghlaim rathúil ábhair ag brath go mór ar an teanga i réimse an tumoideachais. Tá scoláirí den tuairim gur féidir na dúshláin a bhaineann le forbairt na teanga i measc daltaí tumoideachais a leagan go páirteach ar an easpa eolais faoin teanga atá ag an múinteoir .i. aird neamhimleor a bheith á tabhairt ar theagasc na scileanna teanga agus litearthachta, mar aon le heolas neamhimleor ar conas díriú go héifeachtach ar na gnéithe sin ar fad ar leibhéal an churaclaim nó ar leibhéal an teagaisc ag an am céanna (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2018; Lyster, 2007). Cé go measann múinteoirí tumoideachais go mbíonn an teanga á teagasc acu i gcónaí, bíonn eolas a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas ag teastáil chun an chothromaíocht a aimsiú go comhsheasmhach idir an teanga agus an t-ábhar sa teagasc (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh et al., 2019). Sonraítear gur dúshlán leanúnach é eolas ar an stór focal a bhaineann go sonrach leis an disciplín (Ní Dhiorbháin et al., 2020; Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh et al., 2020; Ó Treasaigh 2019). Tuairiscíodh bearnaí móra in eolas faisnéiseach múinteoirí tumoideachais[1] maidir leis an tumtheanga agus ina n-inniúlacht sa tumtheanga (Ní Chathasaigh, 2020; Nic Réamoinn 2017; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh et al., 2020). Cuireann na heasnaimh theanga sin bac ar mhúinteoirí tumoideachais freisin béim ar an teanga (.i. an teagasc foirm-dhírithe) a chomhtháthú ar bhealaí

[1] Faisnéis agus eolas maidir le míreanna agus fochórais teanga, amhail sainmhínithe ar fhocail agus rialacha.

córasacha i gcomhthéacs ar fud an churaclaim tumoideachais (Ní Dhiorbháin et al., 2020; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh et al., 2019).

### Scileanna agus cleachtais oideolaíocha

Aontaíonn na taighdeoirí go léir go bhfuil oilteacht sa sprioctheanga, lena mbaineann raon leathan ardscileanna teanga, de dhíth ar mhúinteoirí mar fheithicil le haghaidh inniúlachtaí oideolaíocha (Mhic Aoidh, et al., 2016; Ó Ceallaigh, et al., 2018; Kirk & Ó Baoill, 2002; Ó Duibhir, 2018). Beidh ar mhúinteoirí lán-Ghaeilge leas a bhaint as a n-aclaíocht teanga agus as a n-inniúlacht oideolaíoch chun straitéisí tumoideachais a chur i bhfeidhm go hoilte. Baineann múinteoirí tumoideachais tairbhe as straitéisí cruthaitheacha chun ionchur sothuigthe a chur ar fáil do dhaltaí (Baker, 2014; Fortune, 2000), mar shampla trí úsáid a bhaint as ciúnna comhthéacs (Nig Uidhir, 2013), ciúnna nach mbaineann le teanga, agus teicnící scaflála eile chun an rochtain ar an mbrí a fheabhsú. Le samhaltú agus scafláil éifeachtach (Tedick & Lyster, 2020), cuirtear ar a gcumas do dhaltaí gabháil go thascanna atá níos dúshlánaí ó thaobh na cognaíochta de (Cummins, 2000). Rinneadh dul chun cinn mór sa taighde ar an aiseolas ceartaitheach mar straitéis lenar féidir daltaí a chumhachtú chun úinéireacht a ghlacadh ar an sprioctheanga (Llinares & Lyster, 2014; Ó Duibhir, 2018; Tedick & Lyster, 2020). Is minice anois a mholtar cur chuige comhlántach i leith straitéisí ábhar-bhunaithe atá dírithe ar an mbrí agus teagasc anailíseach níos follasaí ar fhoirm na teanga le haghaidh an oideachais lán-Ghaeilge (Ní Dhiorbháin et al., 2020; Nig Uidhir, et al., 2020; Ó Duibhir, 2018), agus is é is aidhm leis sin feabhas a chur ar chruinneas gramadaí agus ar thuiscint mheititheangeolaíoch na ndaltaí. Ina theannta sin, ceistítear sa taighde ar an trasteangú an dearcadh traidisiúnta ar theangacha ina mbíonn spásanna cosanta eisiacha de dhíth, agus tugtar isteach straitéis teagaisc ina mbaintear úsáid chórasach as an dá theanga chun brí a chruthú (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020; Tedick & Lyster, 2020). Dírítear freisin ar léargais ar straitéisí tumoideachais sna luathbhlianta agus ar a bhfuil i gceist leis an dea-chleachtas ag céimeanna réamhscoile agus bunscoile san oideachas lán-Ghaeilge (Andrews, 2006; Mhic Aoidh, 2020; Ní Chearnaigh, 2016).

### Ceannaireacht agus cumas

Maidir le taighde ina léirítear tairbhí an tumoideachais, is iondúil a bhíonn an taighde sin bunaithe ar thorthaí a bhaineann le próisis éifeachtacha na ceannaireachta agus na bainistíochta (Genesee et al., 2006; Hunt, 2011). Mar sin féin, bíonn feabhas leanúnach sna torthaí oideachais do dhaltaí tumoideachais ag brath ar cháilíocht na ceannaireachta ar roinnt leibhéal sa chomhthéacs tumoideachais. Teastaíonn ó cheannairí tumoideachais fís shoiléir atá fréamhaithe i mbonn eolais a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, agus ní mór dóibh creidiúint i luach an taighde a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas. Tá sé riachtanach freisin go mbeidís feasach ar thorthaí taighde reatha agus go mbaineann siad leas as an mbonn eolais láidir sin go rialta ina gcuid oibre ceannaireachta (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2021). Anuas air sin, bíonn ar cheannairí san oideachas lán-Ghaeilge comhthéacsanna a chothú ar an uileghabhálacht agus ‘professional development experiences [a ghiniúint] for IME educators, including themselves, to craft, share and effectively use immersion-specific knowledge in relation to an integrated school-wide approach of content and language planning, implementation, assessment and evaluation’ (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2021).

### Conclúid

B’fhiú féachaint níos grinne ar théama inniúlachtaí an mhúinteora a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, ar mhaithe le feabhas a chur ar chláir thumoideachais trí chéile agus toisc go bhféadfaí cur leis an bplé níos leithne ar ullmhú agus ar chreidiúnú múinteoirí le haghaidh an tumoideachais in

Éirinn. Mar sin féin, go dtí seo, ní théann ach líon beag staidéar i gcomhar le múinteoirí chun na hinniúlachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus a bhíonn de dhíth sa tumoideachas a shainaithint. Níl tuiscint mhaith againn ná níl tuairisc shoiléir déanta go fóill ar a bhfuil i gceist le bonn eolais den scoth le haghaidh an tumoideachais (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Tedick & Lyster, 2020). Tá an staidéar seo bunaithe ar an teoiric shoch-chultúrtha agus treoraithe ag saothar Shulman (1987) maidir le heolas múinteoirí, agus is é is aidhm leis an staidéar seo an bonn eolais sin a shainaithint ar dtús agus ina dhiaidh sin samplaí a thabhairt de na hinniúlachtaí gairmiúla sainiúla sin sa chleachtas.

# Modheolaíocht

Ba é ab aidhm leis an staidéar féachaint ar na ceisteanna taighde seo a leanas:

- Céard iad na hinniúlachtaí gairmiúla ar leith a meastar iad a bheith bunriachtanach le haghaidh múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge?
- Maidir leis na hinniúlachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, conas a bhíonn siad le sonrú sa chleachtas?

Baineadh leas as an teoiric shoch-chultúrtha agus as saothar Shulman (1987), agus úsáideadh lionsa léirmhínitheach chun an staidéar modhanna measctha seo a threorú. Bailíodh sonraí ó agallaimh leathstruchtúrtha duine le duine, siompóisiam le múinteoirí faoi oiliúint, agallaimh le fócasghrúpaí, agus ceistneoir ar líne.

## Roghnú na rannpháirtithe

Úsáideadh sampláil bhreithiúnais lena áirithiú go raibh na rannpháirtithe ionadaíoch ar phobal gairmiúil an oideachais lán-Ghaeilge, thuaidh agus theas. I measc na ngrúpaí rannpháirtithe, bhí:

Múinteoirí lán-Ghaeilge faoi oiliúint a raibh aon socrúchán amháin ar a laghad déanta acu i scoil lán-Ghaeilge;

Múinteoirí agus príomhoidí ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, lena n-áirítear 3 aonad lán-Ghaeilge mar aon le 2 scoil sa Ghaeltacht;

Oideoirí múinteoirí ó chláir oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge, idir chláir fochéime agus chláir iarchéime.

## Bailiú sonraí

Tábla 1: Achoimre ar mhodhanna bailithe sonraí agus ar rannpháirtithe

| Modh bailithe sonraí | Múinteoirí faoi oiliúint | Múinteoirí i mbun oibre | Príomhoidí | Soláthraithe oiliúna tosaigh múinteoirí |
|---|---|---|---|---|
| agallaimh le fócasghrúpaí | 8 | | 8 | 4 |
| agallaimh leathstruchtúrtha duine le duine | | 8 | | |
| siompóisiam le múinteoirí faoi oiliúint | 4 | | | |
| ceistneoir ar líne | 46 | | | |

(Iomlán 78)

Sonraítear anseo thíos an t-ord inar bailíodh na sonraí:

- Rinneadh dhá agallamh le fócasghrúpaí ina raibh múinteoirí faoi oiliúint ó dhá institiúid éagsúla oiliúna tosaigh múinteoirí i mí an Mheithimh 2021 (institiúid amháin i dTuaisceart Éireann agus institiúid amháin i bPoblacht na hÉireann). Leis na hagallaimh sin, fuair na taighdeoirí léargas ar thaithí iarbhír múinteoirí faoi oiliúint agus bhí deis acu féachaint ar na hinniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas ó pheirspictíocht na mac léinn atá ag gabháil don oiliúint tosaigh múinteoirí.
- Rinneadh ocht gcinn d'agallaimh leathstruchtúrtha le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ó chomhthéacsanna tumoideachais éagsúla (ceathrar múinteoirí ón Tuaisceart – beirt mhúinteoirí bunscoile agus beirt mhúinteoirí iar-bhunscoile, agus ceathrar múinteoirí ón bPoblacht – beirt mhúinteoirí bunscoile agus beirt mhúinteoirí iar-bhunscoile) chun léargas a fháil ar pheirspictíocht múinteoirí tumoideachais atá i mbun oibre.
- Rinneadh dhá agallamh fócasghrúpa le príomhoidí. Beirt phríomhoidí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Tuaisceart agus sa Phoblacht a bhí i bhfócasghrúpa amháin, agus beirt phríomhoidí ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Tuaisceart agus sa Phoblacht a bhí san fhócasghrúpa eile. Baineadh úsáid straitéiseach as na fócasghrúpaí chun an tuiscint ab fhearr agus ab fhéidir a fháil agus chun teacht ar léargas ar bhuncheisteanna tábhachtacha.
- Reáchtáladh siompóisiam le haghaidh múinteoirí faoi oiliúint le linn comhdháil ar an oideachas lán-Ghaeilge an 11 Meitheamh 2022 – *An Tríú Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas* – chun sonraí breise a ghiniúint ar pheirspictíochtaí agus ar thaithí múinteoirí faoi oiliúint agus ar an bhfoghlaim san oideachas lán-Ghaeilge.
- Reáchtáladh aon fhócasghrúpa amháin le soláthraithe oiliúna tosaigh múinteoirí lán-Ghaeilge (ionadaí amháin ó cheithre institiúid ardoideachais) chun plé a dhéanamh ar na téamaí a bhí ag teacht chun cinn ó thaobh inniúlachtaí tumoideachais de. Úsáideadh an idirghníomhaíocht fócasghrúpa sin chun sonraí a ghiniúint nach mbeadh an rochtain chéanna orthu gan an idirghníomhaíocht ghrúpa agus chun bearnaí sa tuiscint ó na foinsí eile a líonadh.
- Scaipeadh ceistneoir gairid chun faisnéis a ghiniúint ar thuairimí agus ar dhearcthaí na múinteoirí faoi oiliúint ar na téamaí a tháinig chun cinn mar a ailíníodh leis na hinniúlachtaí tumoideachais. Iarradh ar mhúinteoirí faoi oiliúint ar thrí chlár acadúla oideachais lán-Ghaeilge in dhá institiúid ardoideachais an ceistneoir a líonadh.

Cuireadh treoir ar na ceisteanna agallaimh agus focasghrúpaí chuig rannpháirtithe roimhré. Thosaigh sé le roinnt ceisteanna a bhailigh eolas ar a gcúlra gairmiúil agus lean sé le leideanna ábhartha do cheithre mhórthéama. D'eascair na hachair fiosrúcháin sin as an litríocht acadúil. Spreag an cur chuige sin leanúnachas sna sonraí agus chruthaigh sé deiseanna do rannpháirtithe a gcuid tuairimí agus léargas ar chroícheisteanna a phlé. Cuireadh an teimpléad sin in oiriúint do gach grúpa rannpháirteach ach ba mhór an t-ábhar a bhí comónta eadarthu. Is iad na taighdeoirí a rinne na hagallaimh go léir agus bhí an bheirt taighdeoir i láthair ag cuid acu, chun an leanúnachas a threisiú.

### Anailís ar shonraí

Ar dtús, tras-scríobhadh an t-inneachar a taifeadadh ó na hagallaimh agus ó na fócasghrúpaí. Rinneadh anailís théamach mhionchúiseach ar gach sraith sonraí a tras-scríobhadh. Lean na taighdeoirí na seacht gcéim a shonraigh Norton (2009). Thosaigh siad amach leis an ábhar tras-scríofa a léamh go mion chun

teacht ar théamaí ginearálta, agus lean siad leis an nginiúint catagóirí, scriosadh, seiceáil, nascadh téamaí, agus torthaí a chur i láthair. Roinn an bheirt taighdeoirí an obair sin chun dul i gcomhairle le chéile faoi mar a tháinig na príomhthéamaí chun cinn. Chuir códú córasach ar ionchur na rannpháirtithe ar a gcumas do na taighdeoirí an tacar sonraí a chur i láthair mar shintéis de thuairimí na rannpháirtithe agus a bheith in ann cúlraí éagsúla a shainaithint ag an am céanna (mar shampla múinteoir bunscoile, príomhoide iar-bhunscoile, mac léinn, srl.). Rinneadh anailís théamach ar dtús ar na hagallaimh duine le duine a cuireadh ar múinteoirí agus tugadh aghaidh ina dhiaidh sin ar na tras-scríbhinní ó na grúpaí. Rinneadh anailís ar dhá cheist oscailte laistigh den suirbhé ar mhic léinn le cur chuige anailíseach ó thaobh ábhair de, agus baineadh úsáid as eochairfhocail sna freagraí mar an t-aonad anailíse.

### Cúrsaí eiticiúla

Iarradh faomhadh eiticiúil ón gCoiste um Eitic Thaighde i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, le haghaidh an staidéir seo, agus bronnadh an faomhadh sin. Chloígh na taighdeoirí le cód eitice BERA.

## Príomhthorthaí ón anailís ar shonraí agus plé

Trí théama leathana a tháinig chun cinn ón anailís ar shonraí – fís agus luachanna, eolas múinteoirí le haghaidh an tumoideachais, agus scileanna agus cleachtais oideolaíocha. Déanfar plé anois ar thorthaí a bhaineann le gach téama díobh sin.

### Fís agus luachanna

**Comhthéacs coincheapúil**

Faoi mar a bhain na rannpháirtithe leas as tuairimí agus as eispéiris a chuaigh i gcion ar a bhféinfheasacht mar chleachtóirí lán-Ghaeilge, tháinig croí-luachanna áirithe chun cinn mar phointe comhsheasmhach tagartha sa phlé. An idirghníomhaíocht idir luachanna sonracha den chleachtas lán-Ghaeilge agus an fhéiniúlacht, dearcthaí agus mianta, tá an idirghníomhaíocht sin fréamhaithe laistigh de chomhthéacs soch-chultúrtha. Cuid lárnach den teoiric shoch-chultúrtha is ea an comhthéacs (Ó Duibhir, 2018) agus is sa chomhthéacs sin atá luachanna na múinteoirí leabaithe. Bhí luachanna na rannpháirtithe nasctha le gnéithe soch-chultúrtha éagsúla dá ról mar mhúinteoirí lán-Ghaeilge. Na luachanna a léirigh na rannpháirtithe, suíodh iad ag an am céanna mar ghné chomhsheasmhach agus freisin mar ghné lárnach de phróiseas idirghníomhaíochtaí le cainteoirí Gaeilge, le foghlaimeoirí agus lena dteaghlach ar próiseas é a chruthaítear go sóisialta.

Na ceithre luach eitice atá mar bhonn faoi ról gach múinteora – meas, cúram, macántacht agus muinín, mar a léirítear in *An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* (an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2016) – tá siad ag teacht leis na luachanna a léirigh na múinteoirí lán-Ghaeilge sa staidéar seo. Tá gaol idir na luachanna a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus croí-luachanna gairmiúla cineálacha, agus cuireann siad gnéithe nua leo.

**Guth na ngairmithe lán-Ghaeilge**

*Tiomantas don Ghaeilge*

Bíonn fís ag múinteoirí lán-Ghaeilge maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge agus creideann siad go diongbháilte i luach intreach an chórais sin, agus meastar gur saintréithe tábhachtacha iad sin den mhúinteoir lán-Ghaeilge.

> B’fhéidir go mbaineann sé le fís agus b’fhéidir pearsantacht. Is dócha, má chreideann tú in sa rud, má chreideann tú ar an luach – cé chomh luachmhar is atá sé, go mbeifeá bródúil as. Ceapaim go gcaithfidh sé saghas a bheith i do bholg, i do chroí, go gcreideann sibh go láidir. (Agallamh 6: Múinteoir iar-bhunscoile)

Bhí an focal ‘grá’ ar cheann de na heochairfhocail ba mhó a bhí in úsáid ag múinteoirí faoi oiliúint sna freagraí ar an gceistneoir maidir leis an teanga. Bhí dlúthbhaint idir an grá don Ghaeilge agus tuairimí níos leithne maidir leis an teagasc freisin.

> Bhí grá aici don teanga, bhí sí bródúil as an teanga, agus ní raibh sí ag cáineadh na botúin – chabhraigh sí iad a réiteach. (Ceistneoir: Múinteoir faoi oiliúint)

Tháinig réimse peirspictíochtaí chun cinn maidir le hinniúlacht múinteoirí sa Ghaeilge. D'fhéadfadh sé go mbeadh ardleibhéal oilteachta teanga riachtanach mar chaighdeán neamh-inphléite nó d'fhéadfadh sé gur thábhachtaí oscailteacht na n-iarratasóirí i leith na forbartha gairmiúla ná máistreacht níos teoranta tráth na hearcaíochta, dar le príomhoidí.

*Cuimsiú*

Thagair na múinteoirí do mhuinín na ndaltaí ina bhféiniúlacht chultúrtha mar sprioc is fiú a chomhroinnt le scoileanna eile a bhíonn ag freastal ar phobail il-eitneacha. Sa chomhthéacs sin, chuir duine de na múinteoirí béim ar na focail 'muintearas' agus 'fáilteachas':

> Sílim ón Ghaeloideachas an rud a sheasann amach domsa ná an muintearas. Go mothaíonn daltaí go breá agus gur fiú iad uilig… In amanna thig le daoine a bheith ag easaontú leis sin ach ní thuigeann daoine an cur chuige, go bunúsach go bhfuil seans ag achan uile dhuine, is cuma cúlra atá acu deis a bheith acu oideachas a bheith acu trí mheán na Gaeilge. (Agallamh 8: Múinteoir iar-bhunscoile)

Mhol oideoirí múinteoirí freisin an meas ar chultúir eile a bhíonn á chur chun cinn ag múinteoirí i suíomhanna tumoideachais (Nic Aindriú et al., 2022).

*Dearcthaí gairmiúla*

Phléigh príomhoidí san oideachas lán-Ghaeilge a thábhachtaí atá sé dearcthaí gairmiúla agus luachanna múinteoirí a chur san áireamh ag céim an agallaimh den phróiseas roghnúcháin. Áitíodh go gcuireann luachanna áirithe i dtaca leis an oideachas lán-Ghaeilge ar a gcumas do na múinteoirí a bheith éifeachtach, agus go dtéann na luachanna sin i bhfeidhm ar dhul chun cinn na ndaltaí agus ar a bhfolláine iomlánaíoch chomh maith. Cuireadh tús leis an topaic sin le hidirdhealú idir meon agus scileanna an mhúinteora, agus cuireadh béim ar a thábhachtaí atá an meon.

> Uaireanta bíonn daoine an-inniúil ar an dteanga agus ní bhíonn an paisean ann. (Fócasghrúpa 4: Príomhoide bunscoile)

Tiomantas na múinteoirí don chleachtas machnamhach, fiosrú gairmiúil, foghlaim leanúnach, agus comhroinnt an dea-chleachtais, ba shnáitheanna iad sin de théama comhchoiteann i measc rannpháirtithe, agus bhí dlúthbhaint idir an téama sin agus feabhas a chur ar eispéireas foghlama na ndaltaí.

**Conas a shonraítear na luachanna agus na prionsabail sin sa chleachtas?**

*Leanbhláraithe*

Ba mhinic a tagraíodh go sonrach d'fholláine na ndaltaí sa phlé a rinne na rannpháirtithe ar inniúlachtaí gairmiúla.

> … go bhfuil ionchais arda acu [na múinteoirí] do na páistí, go mbíonn siad ag cothú féinmhuiníne iontu, ag cothú measa iontu, ag cothú féinluacha iontu. Timpeallacht foghlama ilchineálach, ilchuimsitheach, fiosrach agus tagann sin tríd ar pháirceanna peile fosta agus sna grúpaí ceoil. Croí agus paisean. (Fócasghrúpa 2: Príomhoide bunscoile)

*Féiniúlacht chultúrtha*

Cuid lárnach d'fhéinfheasacht múinteoirí freisin ab ea braistint chómhuintearais le pobail níos leithne ó thaobh cultúir agus teanga de. Bhí na rannpháirtithe an-soiléir maidir leis an aidhm atá ag múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge braistint chómhuintearais le cultúr agus le hoidhreacht shaibhir a chur ar aghaidh chuig na daltaí.

> Is dócha óna thaobh sin de, caithfidh an cineál tuiscint sin a bheith agat nach gnáthsheomra ranga é agus go bhfuil tú ag díriú isteach ar an oidhreacht agus an cultúr chomh maith agus go bhfuil tú ag iarraidh sin a chur trasna sna páistí leis an teanga chomh maith le curaclam. (Agallamh 4: Múinteoir bunscoile)

*An Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga*

Thuairiscigh na rannpháirtithe go raibh nasc idir tiomantas chun grá don Ghaeilge a chothú sna daltaí agus cuir chuige oideolaíocha sa rang agus éiteas na scoile trí chéile. Bhain múinteoirí úsáid as straitéisí réamhghníomhacha chun úsáid na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga a spreagadh i measc na ndaltaí freisin. Tá aird chomhsheasmhach leanúnach na múinteoirí de dhíth ar an ngné sin den ról atá acu.

Phléigh múinteoirí faoi oiliúint a thábhachtaí atá nasc idir an scoil lán-Ghaeilge agus an pobal níos leithne. Chuir siad an prionsabal sin i bhfeidhm trí bheith ag cur le gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus deiseanna níos mó a thabhairt do na daltaí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga. Bhí na príomhoidí ar aon intinn leo maidir lena thábhachtaí atá luachanna cultúrtha cuimsitheacha a úsáidtear chun eispéireas na ndaltaí a fheabhsú. Is léiriú é an soláthar gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar na luachanna sin, rud a chuireann cultúr na hÉireann chun cinn mar chuid lárnach den eispéireas lán-Ghaeilge.

*Pobal*

Phléigh na rannpháirtithe coincheap an phobail ó pheirspictíochtaí éagsúla, mar shampla laistigh den seomra ranga, ar leibhéal scoile, ar leibhéal earnála agus réigiúnach agus ar leibhéal níos leithne. An fheasacht ar ról uathúil tuismitheoirí mar bhaill de phobal an oideachais lán-Ghaeilge, cuireadh an fheasacht sin i gcomhthéacs mar luach tábhachtach ar mhaithe le dul chun cinn na leanaí. Tá ról ar leith ag cúntóirí ranga sa phobal freisin, agus tá ardmheas ar an ról sin i bpobal an oideachais lán-Ghaeilge. I gcás an aonaid lán-Ghaeilge, tá cóiríocht ar leith ar champas na scoile ag an aonad, rud a chabhraigh chun pobal scoile lán-Ghaeilge níos aontaithe a éascú.

> Fuair muid ...... foirgneamh nua ar an gcampas – *so* tá muid scoite amach. Tá Gaeltacht bheag againn ansin agus is dócha sin ó thaobh an tumoideachais, sin ceann de na rudaí tábhachtacha chun é sin a fhorbairt. (Fócasghrúpa 5: Príomhoide iar-bhunscoile)

*Limistéir Ghaeltachta: acmhainn leochaileach*

Tá caidreamh áirithe ag na rannpháirtithe leis na Gaeltachtaí agus le coláistí Gaeltachta, agus léirítear leis an gcaidreamh sin peirspictíochtaí éagsúla ar an nGaeltacht mar acmhainn ó thaobh cultúir agus teanga de a bhí ábhartha dóibh ina ról mar ghairmithe i ngort an oideachais lán-Ghaeilge. Phléigh múinteoir amháin é sin i gcomhthéacs a fhorbartha gairmiúla féin .i. freastal ar chúrsaí samhraidh chun

feabhas a chur ar a chuid Gaeilge féin. Thug oideoirí múinteoirí achoimre ar an gceanglas a bhíonn ar mhic léinn freastal ar chúrsaí Gaeltachta. Labhair rannpháirtithe eile go paiseanta ar an bhfreagracht atá ar gach duine an teanga dhúchais a chaomhnú i bpobail Ghaeltachta.

#### Conclúid

Glactar leis go forleathan go bhfuil gné bhreise ag baint leis na héilimh ghairmiúla a bhíonn ar an múinteoir tumoideachais. Cén fáth a roghnódh múinteoir an bóthar ba chasta? Tá freagra na ceiste sin le fáil i luachanna phobal na Gaeilge féin, mar a léiríonn múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí agus príomhoidí scoile nó ceannairí sinsearacha sa staidéar seo. Thug na rannpháirtithe léargas grinn ar an spreagadh, ar na meonta agus ar na córais chreidimh atá le fáil ar fud thuiscintí cognaíocha agus chleachtais oideolaíocha an mhúinteora lán-Ghaeilge. Tá leibhéal brí nua ag baint le meon na seirbhíse gairmiúla le haghaidh múinteoirí tumoideachais.

## Eolas múinteoirí le haghaidh an tumoideachais

#### Comhthéacs coincheapúil

Aontaítear go forleathan gurb ann d'eolas speisialaithe córasaithe comhchoiteann agus gur cheart an t-eolas sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoin teagasc. Ba cheart an t-eolas sin a bheith ina chuid den oideachas múinteoirí agus den fhoghlaim ghairmiúil freisin. Maidir leis an tumoideachas, tá an taighde agus an ceapadh teoirice ag céim an-luath i gcónaí (Cammarata & Cavanagh, 2018; Ó Ceallaigh et al., 2021; Morton, 2017). Sa staidéar seo, léirigh na rannpháirtithe tiomantas i leith cleachtais ardchaighdeáin a fhorbairt ina suíomh tumoideachais bunaithe ar eolas a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas. Féachfar anois ar réimsí den eolas sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus atá de dhíth ar abhcóideacht na gclár, teagasc na teanga, comhtháthú oideolaíoch, agus cuimsiú, faoi mar a thuairiscigh na rannpháirtithe. Cé go bpléitear na réimsí sin mar chatagóirí ar leith, tá siad fite fuaite agus measctha le chéile sa chleachtas, rud a fhágann gur cheart féachaint orthu mar bhonn eolais comhtháite le haghaidh an tumoideachais.

#### Guth na ngairmithe lán-Ghaeilge

*Eolas le haghaidh abhcóideacht ar son an tumoideachais*

Tá sé riachtanach go mbeadh eolas ag múinteoirí tumoideachais agus go dtuigfidís na prionsabail theoiriciúla agus an réasúnaíocht atá bunaithe ar thaighde atá ina mbunús leis na gnéithe sainiúla, na spriocanna agus na tairbhí de shamhlacha tumoideachais éagsúla. Tá sé chomh tábhachtach céanna go léiríonn múinteoirí tumoideachais tuiscint ar shaintréithe agus ar choincheapa bunriachtanacha a bhaineann leis na samhlacha sin agus gur ar féidir leo an fhaisnéis sin a úsáid ar bhealach cruthaitheach chun an t-eolas a scaipeadh ar dhaoine eile agus chun tacú go réamhghníomhach leis an scoil os comhair pobail éagsúla, mar a léiríonn na rannpháirtithe thíos.

> Agus tú mar mhúinteoir tumoideachais, caithfidh tú a bheith eolasach ar chúrsaí teanga agus ar chúrsaí oideolaíochta ach taobh thiar de sin arís, go teoiriciúil, go bhfuil buntáistí ar leith ann

> ó thaobh na foghlama trí mheán na Gaeilge agus go bhfuil tú in ann iad a chosaint. (Agallamh 8: Múinteoir bunscoile)

> Deir an síceolaí linn nár choir go mbeadh aon pháiste le míchumas go háirithe ó thaobh na teanga de, sa gaelscoil… Ní aontaím leis sin. (Agallamh 2: Múinteoir bunscoile)

Luaigh rannpháirtithe eile an easpa uirlisí measúnaithe cuí i nGaeilge, rud atá ina bhac ar mhúinteoirí agus ar shíceolaithe oideachais araon (Murthagh & Seoighe, 2020).

D'fhéach na rannpháirtithe ar an eolas ar mhaithe le cumarsáid agus cruthú caidreamh, bunaithe ar fhéiniúlacht agus ar acmhainneacht an mhúinteora tumoideachais, mar ghnéithe bunriachtanacha chun rath an phobail agus an oideachais a chothú sa tumoideachas.

> Is é an pobal scoile an rud a spreagann na daltaí le bheith ag foghlaim … cad é atá de dhíth ag an dalta féin ach ansin cad a ghlacfadh sé leis an dalta sin a dhéanamh réidh don fhoghlaim sula dtosaímid ag caitheamh fíricí agus eolas agus téacsleabhair leo. (Fócasghrúpa 7: Príomhoide iar-bhunscoile)

Ina gcáil mar ailtirí cultúrtha, rinne na rannpháirtithe iarracht an inniúlacht shoch-chultúrtha a chur chun cinn i measc foghlaimeoirí tumoideachais agus féiniúlachtaí a ndaltaí nó an chaoi ar bhreathnaigh siad orthu féin mar bhaill den phobal teanga a mhúnlú .i. comhthéacsanna mealltacha atá freagrúil ó thaobh an chultúir de a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí.

*Eolas múinteoirí faoin teanga*

Maíonn Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh (2021, lch 90) gur faoi mhúinteoirí tumoideachais atá sé leibhéil arda inniúlachta teanga cumarsáidí i dteanga nó i dteangacha an teagaisc a chothú le go mbeidh ar a gcumas an t-ionchur agus an t-aiseolas is gá a thabhairt chun inniúlacht na ndaltaí sa tumtheanga nó sna tumtheangacha a fhorbairt. Shonraigh na rannpháirtithe é sin freisin.

> Caithfidh siad [múinteoirí] a gcuid Gaeilge féin a fhorbairt ionas go bhfuil Gaeilge mhaith ag na daltaí chomh maith. (Agallamh 8: Múinteoir iar-bhunscoile)

Tuiscint ar chórais teanga mar a éilítear le téarmaíocht agus cleachtais dhioscúrsacha a bhaineann le disciplíní sonracha, measadh go raibh an tuiscint sin ríthábhachtach le haghaidh rath leanúnach. Dar leis na rannpháirtithe, tá eolas de dhíth ar an éagsúlacht i sainréimeanna na tumtheanga chun tabhairt faoi thascanna éagsúla sa seomra ranga, agus tá an t-eolas sin bunriachtanach chun litearthachtaí agus cleachtais teanga a bhaineann go sonrach le hábhair éagsúla a chothú.

> … an chéad rud ná an bhfuil an téarmaíocht ar eolas agat, mar shampla, Mata – tá an téarmaíocht, an teanga uilig a bhaineann le Mata ag teastáil uaim cinnte chun í a mhúineadh. (Agallamh 1: Múinteoir bunscoile)

Aithníodh freisin gur suntasach an rud é an t-eolas sonrach lena gcuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí gnéithe áirithe d'fhoirm na tumtheanga a shainaithint agus aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú orthu le linn

theagasc an disciplín (.i. teagasc foirm-dhírithe). Mar sin féin, tuairiscíodh freisin go raibh sé tábhachtach meititheanga bhríoch a bheith ar a dtoil acu chun labhairt faoin teanga i saothar den sórt sin.

> Agus caithfidh tú an t-eolas a bheith agat ar an eolas atá acu (daltaí) nó nach bhfuil acu fós agus an teanga atá acu a tharraingt amach astu, ar dhóigh eile, atá fóirsteanach dóibh agus an dóigh le botúin a cheartú ar dhóigh dhearfach. (Agallamh 4: Múinteoir bunscoile)

Measadh gur gnéithe bunriachtanacha iad tuiscint ar an bpróiseas trína ndéanann daltaí tumoideachais teangacha a shealbhú, tuiscint ar conas straitéisí teagaisc a dhearadh ina ndéantar dul chun cinn ar an bhforbairt teanga, agus cumas chun comhthéacs bríoch ábhartha a chruthú ina ndéantar an fhoghlaim teanga, an úsáid teanga agus an fhorbairt teanga a chur chun cinn.

> … Go háirithe na scileanna meiteachognaíochta atá ag na daltaí agus cén dóigh a bhfoghlaimíonn siad go héifeachtach trí Ghaeilge agus go háirithe agus iad ag teacht isteach ó cheantar cosúil le ceantar s'againne. (Agallamh 8: Múinteoir iar-bhunscoile)

Mar sin féin, luadh gur streachailt sheasta atá i mbainistiú an iompair ó thaobh úsáid teanga de. Eolas ar oideolaíocht a dhearadh ina mbunaítear timpeallacht ardchaighdeáin don tumtheanga, timpeallacht a mhúnlaítear le sainchritéir fhollasacha, ionchais arda, tacaíocht shóisialta agus féinrialú i measc na ndaltaí, mothaíodh go raibh gá leis an eolas sin chun go n-éireodh leis an tumoideachas. Dar leis na rannpháirtithe, is réimse criticiúil de bhonn eolais an mhúinteora tumoideachais é eolas ar conas rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na ndaltaí a úsáid chun an tumtheanga a chur chun cinn sa seomra ranga agus lasmuigh de araon.

*Eolas le haghaidh an chomhtháthaithe oideolaíoch sa tumoideachas*

Féachadh ar oideolaíocht chomhleanúnach le haghaidh chomhtháthú an ábhair agus na teanga mar bhunchloch de chleachtas an tumoideachais.

> Táimíd ag caint ar leibhéal eile freagrachta sa tumoideachas. Táimíd ag caint ar oideolaíocht agus ar theanga – foclóir, gramadach, cruinneas agus iad fite fuaite leis an oideolaíocht. Agus muid ag múineadh istigh sa rang, is cuma cén rang nó cén ábhar, tá teanga agus ábhar le múineadh. (Agallamh 5: Múinteoir iar-bhunscoile)

Bhí ionchais arda ag rannpháirtithe i ndáil leis an úsáid teanga, ach bhí deacrachtaí ag múinteoirí leis an scafláil le haghaidh ginchumas teanga atá cruinn agus marthanach i ranganna ábhair. Cé go raibh sé tábhachtach leibhéal ard dátheangachais agus délitearthachta agus foghlama ábhair a fhorbairt, dar leis na rannpháirtithe, léirigh siad imní maidir le húsáid an trasteangaithe sa tumoideachas.

Níl aon ról ag an mBéarla i dteagasc na nuatheangacha sa scoil Ghaeltachta. Tá múinteoirí sa scoil Ghaeltachta fíorbhródúil as a gcuid Gaeilge. Dá mbeadh an Béarla ina chuid riachtanach den teagasc agus den fhoghlaim, bhraithfeadh na múinteoirí go mbeadh an cath caillte.

> Ní bhíonn ról ag an mBéarla sa scoil Ghaeltachta i múineadh teanga… Bíonn an Fhraincis fite fuaite leis an Ghaeilge… Tá na múinteoirí sa scoil Ghaeltachta chomh bródúil as an nGaeilge atá

> acu. Dá mbeadh an Béarla ag teacht isteach mar chuid riachtanach an teagaisc agus na foghlama, bhraithfeadh múinteoirí go bhfuil an cath caite acu. (Agallamh 5: Múinteoir iar-bhunscoile)

Tugann múinteoirí tumoideachais faoi mheasúnú ar bhealaí ina dtugtar aird ar an ábhar agus ar an teanga araon. Mar sin féin, thuairiscigh na rannpháirtithe go raibh sé dúshlánach measúnuithe comhtháite den sórt sin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm faoi mar a léirítear sa sliocht thíos.

> Conas a dhéanann tú measúnú ar OSIE (Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta) má bhíonn brú ama nó easnaimh teanga i gceist? Tá sé fíordheacair na rudaí sin a mheas. (Agallamh 2: Múinteoir bunscoile)

*Eolas le haghaidh cuimsiú*

Tá breithiúnas gairmiúil ardchaighdeáin ríthábhachtach le haghaidh an mhúinteora tumoideachas, go háirithe i bhfianaise na heaspa uirlisí diagnóiseacha cuí. Tharraing na rannpháirtithe aird ar a thábhachtaí atá sé comhairle phraiticiúil bunaithe ar shonraí eimpíreacha a fháil ar an gcaoi is fearr chun freastal ar riachtanais daltaí tumoideachais a bhfuil cumais éagsúla acu. Theastaigh tacaíocht freisin chun seomraí ranga ilchultúrtha a bhainistiú agus chun comhthéacsanna uileghabhálacha a chruthú ó thaobh teanga, litearthachta, cultúir agus foghlama de.

> [Is gá] a bheith eolasach ar thimpeallacht foghlama ilchineálach, ilchuimsitheach, fiosrach a chothú. (Fócasghrúpa 2 le príomhoidí bunscoile)

Thuairiscigh rannpháirtithe freisin nach éasca an difreáil a dhéanamh sa tumoideachas – idir difreáil le haghaidh na teanga agus an ábhair.

> Caithfimid difréalú a dhéanamh le gach uile rud. Ag an bhomaite, tá difreálú déanta mar gheall ar chovid fosta… (Agallamh 3: Múinteoir bunscoile)

**Conas a chothaítear eolas an mhúinteora a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas?**

Ní mór do mhúinteoirí tumoideachais a bheith ina ngairmithe foghlama a bhunaíonn a gcleachtas laethúil ar bhonn eolais comhleanúnach comhtháite atá cothrom le dáta. Dá bhrí sin, ní mór an fhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí a chalabrú go cúramach de réir an lín mhóir bonn eolais a bhíonn de dhíth.

Tá achoimre i dTábla 2 thíos ar na comhthéacsanna ar leith, mar a thuairiscigh na rannpháirtithe, ina dtacaítear le forbairt eolais a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas. Tugtar doimhneacht agus comhthéacs leis an gcomhthéacs foghlama gairmiúla sna sonraí breise sna mínithe.

Tábla 2: Comhthéacsanna ina dtacaítear le forbairt eolas an mhúinteora a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas

| Comhthéacs foghlama gairmiúla | Míniú breise |
|---|---|
| Teagasc | Rinne múinteoirí a gcuid eolais a chur i bhfeidhm, a thástáil, a chur in oiriúint agus a fhorbairt tríd an gcleachtas agus, mar thoradh air sin, ghin siad eolas nua múinteora. |
| Foghlaim neamhfhoirmiúil ó chomhghleacaithe | Cuireadh leis an bhfás gairmiúil mar thoradh ar phlé agus machnamh ar bhealaí éagsúla le comhghleacaithe maidir le haincheisteanna agus eispéiris a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, mar shampla plé sa seomra foirne agus i gclós na scoile, aistir chomhroinnte chun na hoibre agus abhaile. |
| Pleanáil chomhoibríoch le comhghleacaithe | D'fhéach na rannpháirtithe ar an gcomhoibriú idir múinteoirí mar ghné thábhachtach d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí dhea-dheartha. |
| Cómhúinteoireacht | Bhain na rannpháirtithe tairbhe as eispéiris phraiticiúla chómhúinteoireachta agus treoir ó shaineolaithe chun foghlaim faoi úsáid an eolais ar an tumoideachas i gcomhthéacsanna cuí. |
| Meantóireacht | Trí iarrachtaí meantóireachta, cuireadh ar a gcumas do mhúinteoirí triail a bhaint as an eolas sa chleachtas agus an t-eolas sin a scrúdú, agus plé agus anailís a dhéanamh ar na torthaí. |
| Comhpháirtíochtaí trasearnála | Féachadh ar chomhpháirtíochtaí trasearnála agus ar an malartú eolais mar bhealach chun feabhas a chur ar an soláthar agus ar an gcumas oideachais. |
| Deiseanna ceannaireachta | Thuairiscigh na rannpháirtithe gur thacaigh deiseanna ceannaireachta leis an malartú eolais agus leis an bhfoghlaim chomhpháirteach, leis an machnamh comhpháirteach agus leis an bhfás. |
| Tionscnaimh scoile uile | Faoi thionscnaimh scoile uile, forbraíodh comhthuiscintí ar oideolaíocht an tumoideachais agus cuireadh borradh faoi fhorbairt eolas an mhúinteora. |

| | |
|---|---|
| Seisiúin/ceardlanna chun an fhoghlaim ghairmiúil a éascú | D'iarr na rannpháirtithe aiseolas ó fhoghlaimeoirí, ó chomhghleacaithe agus ó ghairmithe oideachais eile, agus d'fhreagair siad don aiseolais sin, agus thug siad faoi phlé comhoibríoch le comhghleacaithe maidir leis an bhfadhbréiteach agus leis an bhfoghlaim. |
| Cleachtas machnamhach | Chuir an fiosrúchán córasach sin ar a gcumas do mhúinteoirí a bhfoghlaim ghairmiúil féin a mhúnlú go gníomhach agus a gcleachtas a bhailíochtú, a dhearbhú agus a fheabhsú. |
| Comhpháirtíochtaí thuaidh/theas | Sonraíodh go raibh comhpháirtíochtaí thuaidh/theas thar a bheith tábhachtach chun úsáid eolais a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas a chomhroinnt agus a chothú, agus chun foghlaim faoi, sa chomhthéacs cuí. |
| Pobal cleachtais | Measadh gur modhanna cumhachtacha foghlama gairmiúla múinteoirí iad pobail chleachtais, mar shampla Pobail Foghlama Cheantair, chun machnamh comhpháirteach a dhéanamh ar oideolaíocht an tumoideachais agus chun eolas a chruthú le chéile. |
| Taighde agus léann | Tháinig fás ar an eolas mar thoradh ar rannpháirtíocht le staidéir iarchéime, go háirithe tionscadail taighde gníomhaíochta. |
| Na meáin shóisialta | Cuireadh le heolas múinteoirí tumoideachais mar thoradh ar rannpháirtíocht leis na meáin shóisialta, mar shampla Facebook agus Instagram. |
| Eispéiris thumthacha sa Ghaeltacht | Le heispéiris oideachais thumthacha sa Ghaeltacht, cuireadh deiseanna fiúntacha ar fáil chun feabhas a chur ar eolas faoin tumtheanga. |
| Seimineáir ghréasáin, cúrsaí, siompóisiamaí agus comhdhálacha a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas | Úsáideadh seimineáir ghréasáin, cúrsaí, siompóisiamaí agus comhdhálacha chun deiseanna ábhartha foghlama gairmiúla múinteoirí, a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, a shainaithint agus a shaothrú. |

**Conclúid**

Déanann múinteoirí tumoideachais sár-iarracht chun oideolaíocht chomhtháite a dhearadh agus a chur i bhfeidhm lena gcuirtear chun cinn leibhéal ard cáilíochta intleachtúla, lena mbunaítear timpeallacht

foghlama ardchaighdeáin, agus lena ngintear brí ach nasc a chruthú idir daltaí tumoideachais agus éilimh intleachtúla a gcuid oibre. Chun na róil sin a chomhlíonadh, ní mór do mhúinteoirí tumoideachais a bheith ina saineolaithe foghlama a bhunaíonn a gcleachtas laethúil ar bhonn eolais comhleanúnach comhtháite a thugtar cothrom le dáta go rialta agus atá bunaithe ar an taighde agus ar an gcleachtas. Sainaithnítear thuas réimsí den bhonn eolais sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, mar atá eolas le haghaidh abhcóideacht na gclár, an teagaisc teanga, an chomhtháthaithe oideolaíoch, agus an chuimsithe. Mar sin féin, ní úinéirí eolais ghairmiúil dhomhain amháin iad sainmhúinteoirí tumoideachais. Anuas air sin, ní mór dóibh a thuiscint conas eolas a chur i bhfeidhm go leordhóthanach i gcomhthéacsanna agus i suíomhanna oideolaíocha éagsúla. Ábhar imní don ghairm i gcónaí is ea an dúshlán a bhaineann le bonn eolais láidir agus cothrom le dáta, a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, a ghiniúint. Mar sin féin, tá acmhainneacht mhaith ag gabháil leis na comhthéacsanna éagsúla nuálacha don fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí, mar a thuairiscigh na rannpháirtithe thuas, ó thaobh athnuachan an eolais a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas de.

## Scileanna agus cleachtais oideolaíocha

### Comhthéacs coincheapúil

Maíonn Shulman (1987) nach leor chun an oideolaíocht a thuiscint béim a chur ar straitéisí agus ar scileanna teagaisc, cé gurb ábhartha a leithéid. Léirigh na rannpháirtithe sa taighde seo go bhfuil a léargais ar straitéisí agus ar scileanna oideolaíocha bunaithe ar thuiscint choincheapúil agus ar a n-eispéireas agus ar a bhfoghlaim ghairmiúil féin, agus múnlaithe ag na gnéithe sin. Tá anailís na rannpháirtithe ar oideolaíocht an tumoideachais, sa staidéar seo, leabaithe i gcreat soch-chultúrtha. Na dúshláin a bhaineann le hinniúlacht chumarsáideach agus acadúil na ndaltaí sa tumtheanga, déanann na rannpháirtithe plé criticiúil orthu sin agus ar straitéisí chun dul i ngleic leo.

### Guth na ngairmithe lán-Ghaeilge

Cuireadh béim i gcuid de na freagraí agus na téamaí a tháinig chun cinn ar an gcontanam forbartha. Is de réir an chontanaim sin a fhorbraíonn tuiscint oideolaíoch agus scileanna na rannpháirtithe. Múinteoirí a bhfuil taithí níos mó acu, aithníonn siad go dtosaíonn múinteoirí nuacháilithe amach ar a ngairm inniu agus tuiscint bhunúsach acu cheana ar an tumoideachas.

> Tá sé soiléir, le cúpla bliain anuas, ag múinteoirí nua, tá tuiscint acu ar an tumoideachas. Go pointe tá tuiscint acu ar an tumoideachas… Ní saineolaithe iad ach tá tuiscint éigin acu. (Agallamh 5: Múinteoir iar-bhunscoile)

Thagair na príomhoidí do thaithí na múinteoirí nuacháilithe ar an oideachas lán-Ghaeilge mar a bheith tumthach, i dtéarmaí fhorbairt na scileanna atá riachtanach le haghaidh an phoist. I gcuir i láthair a rinne mic léinn ag an Siompóisiam do Mhic Léinn, cuireadh béim ar straitéisí, gníomhaíochtaí agus acmhainní teagaisc sonracha ina bpleananna ceachta, inar comhtháthaíodh cuspóirí teanga agus cuspóirí ábhair ón gcuraclam. Bhí prionsabail an tumoideachais mar bhonn faoi na ceachtanna acu. Sa suirbhé ar mhic léinn, iarradh ar na rannpháirtithe cur síos a dhéanamh ar mhúinteoir tumoideachais éifeachtach. Ina measúnú ar cháilíochtaí sármhaithe múinteoirí, léiríodh meascán de scileanna teagaisc, buanna idirphearsanta, agus idir eolas oideolaíoch agus eolas ar an ábhar.

> Ba chainteoir dúchasach í, bhí nathanna áille cainte aici. Tacúil i gcónaí agus aiseolas cuí conas dul chun cinn san ábhar. (Ceistneoir: Múinteoir faoi oiliúint)

Chuir gach aon ghrúpa rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá eolas agus scileanna atá riachtanach le haghaidh na foghlama comhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT). Rinne oideoirí múinteoirí forbairt bhreise air sin trína thábhachtaí atá cur i bhfeidhm solúbtha réidh na scileanna sin a shainaithint le go ndéantar iad a chomhtháthú go nádúrtha i gcleachtas an tseomra ranga:

> Tá sé tábhachtach a bheith in ann scileanna agus straitéisí FCÁT a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus iad a fhí isteach sa teagasc ar bhealach nádúrtha mionchúiseach. (Fócasghrúpa: Oideoir múinteoirí)

Rinne múinteoirí idirdhealú freisin idir na scileanna oideolaíocha a chabhraigh le daltaí an sprioctheanga a shealbhú ar an gcéad dul síos agus inniúlacht agus straitéisí a fhorbairt a bhaineann le húsáid na Gaeilge a chothú i measc na ndaltaí. I gceann de na hagallaimh, léirigh múinteoir iar-bhunscoile neamhchinnteacht áirithe maidir le feasacht múinteoirí ábhair ar a ról mar mhúinteoirí teanga "… chun cabhrú le leanaí úinéireacht a ghlacadh ar an teanga, an t-eolas (ar an ábhar) agus an stór focal a tharraingt le chéile." Ina sainmhíniú ar 'stór focal', cuimsítear briathra agus an friotal níos forleithne a bhfuil gá leis chun coincheapa eolaíocha a phlé. Mhol an múinteoir sin béim níos mó a chur ar FCÁT mar chuid den oiliúint tosaigh múinteoirí, rud a laghdódh an fhorbairt foirne a bhíonn de dhíth i scoileanna.

Thug na rannpháirtithe go léir líon mór samplaí nuair a athraíodh ábhar an chomhrá go samplaí de scileanna a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus bealaí éagsúla chun an fhoghlaim a scafláil sa sprioctheanga. Tá nasc idir an t-iniúchadh ar scileanna oideolaíocha agus feasacht teanga an mhúinteora, lena n-áirítear inniúlacht an mhúinteora sa Ghaeilge, eolas teanga, scileanna aistriúcháin, an cumas a bheith ag 'spraoi' leis an teanga – an leibhéal castachta a ísliú agus a ardú faoi mar is cuí, teachtaireachtaí a dhíthógáil agus a atógáil, mar a léirítear thíos.

> Ardchaighdeán Gaeilge, [a bheith] muiníneach as do theanga féin, ábalta rud a rá ar a lán dóigheanna éagsúla, ábalta an teanga a mhúnlú. (Agallamh 7: Múinteoir iar-bhunscoile)

Rinne na múinteoirí plé freisin ar an gcleachtas trína ndéantar an teagasc teanga a chumasc tríd an ábhar lena mbaineann cur chuige foirm-dhírithe níos follasaí i leith an teagaisc teanga:

> … Na páistí ag anailísiú na mbriathra agus ag aithint na bpatrún agus iadsan an obair sin a dhéanamh. Deirimse leo, 'Táimid ag dul a chruthú cláir anseo do dhuine éigin nach bhfuil tuiscint ar bith acu ar an aimsir chaite. Cad é a scríobhfaidh muid síos dóibh?' (Agallamh 4: Múinteoir bunscoile)

**Conas a shonraítear na scileanna agus na straitéisí oideolaíocha sin sa chleachtas?**

Meastar gur bunriachtanach na samplaí seo thíos de straitéisí le haghaidh chur chuige an tumoideachais. Baineann siad go léir le hinniúlacht chumarsáideach an mhúinteora, lena gcuimsítear sraith scileanna ilghnéitheacha a úsáidtear chun eispéireas foghlama na ndaltaí tumoideachais a shaibhriú agus chun iad a threorú i dtreo na hoilteachta teanga, le gur féidir leo tuiscint a fháil ar an ábhar curaclaim. Shoiléirigh na hoideoirí múinteoirí gur gá cuspóir teanga a chur i ngach aon cheacht agus gur gá don

mhúinteoir machnamh criticiúil a dhéanamh ar na foirmeacha teanga atá in úsáid. Moladh do mhúinteoirí díriú ar fhoirm na teanga anuas ar an teagmháil leis an teanga atá leabaithe i seachadadh an ábhair.

*Samhaltú teanga*

An múinteoir tumoideachais a sholáthraíonn ionchur teanga don rang, agus is minic gurb é an phríomhfhoinse theanga é. I gceann de na fócasghrúpaí, phléigh múinteoirí faoi oiliúint 'caint an mhúinteora' i gcomhthéacs struchtúir na sprioctheanga a shamhaltú, agus thuig siad go raibh níos mó i gceist leis ná stór focal tábhachtach. Mheas siad gur acmhainn teagaisc fhíorluachmhar agus samhail le haghaidh pointí teagaisc tábhachtacha iad idirghníomhaíochtaí struchtúrtha idir an múinteoir agus an cúntóir ranga. Bhí na rannpháirtithe go léir ar aon intinn go mbíonn leibhéal ard inniúlachta gairmiúla sa teanga ag teastáil chun samhaltú a dhéanamh ar an sprioctheanga do dhaltaí. Tá oilteacht an mhúinteora sa Ghaeilge labhartha ina réamhriachtanas le bheith in ann ionchur sothuigthe saibhir a chur ar fáil. Rinneadh an pointe céanna maidir le samhaltú na teanga scríofa:

> Bíonn ar an múinteoir tumoideachais a bheith cruthaitheach agus a bheith in ann acmhainní a chruthú, go háirithe sa mhatamaitic agus i réimsí eile den churaclam. Má bhíonn ar mhúinteoirí acmhainní a chruthú, ní mór dóibh a bheith cruinn (ó thaobh na Gaeilge de). (Fócasghrúpa: Príomhoide bunscoile)

*Caint an mhúinteora*

Thuairiscigh na rannpháirtithe go mbíonn aclaíocht agus solúbthacht teanga ag teastáil le haghaidh na scile sin agus go mbaintear úsáid as an scil i gcomhthéacsanna éagsúla:

- An teanga a shimpliú agus a athrú mar is cuí, mar shampla cásanna a aithint inar gá don mhúinteoir an teanga a chur in oiriúint in acmhainní foilsithe áirithe, an teanga sa téacsleabhar a shimpliú go hiondúil.
- Úsáid a bhaint as an gcomhlántacht in idirghníomhaíochtaí ó bhéal leis na daltaí, faoina ndéanann an múinteoir úsáid teanga ar leibhéal níos airde a éascú agus a mhealladh de réir a chéile ó na daltaí. Thug múinteoir iar-bhunscoile cur síos ar theagasc na matamaitice, agus rinne sí machnamh criticiúil ar a húsáid teanga féin as a seasamh – monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal tuisceana na ndaltaí, dul i mbun parafrása nó úsáid a bhaint as nathanna malartacha chun cur leis an tuiscint agus forbairt a dhéanamh ar an stór teanga atá ag an dalta cheana féin.
- Luas na teanga a úsáidtear i gcaint an mhúinteora a athrú mar is cuí, mar shampla chuir na rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá cumarsáid mhall shoiléir go háirithe sna chéad mhíonna ar an iar-bhunscoil. Leag na rannpháirtithe béim freisin ar úsáid éifeachtach an ghutha chun béim a chur ar eochairfhocail agus iad ag caint le daltaí.
- Tá taithí mhaith ag gach múinteoir tumoideachais ar an athrá. Arís eile, úsáidtear an t-athrá go cruthaitheach, go diongbháilte uaireanta, agus acmhainní coincréiteacha mar thacaíocht leis. Uaireanta eile, úsáid níos caolchúisí a bhaintear as.

*Ceistiú éifeachtach*

Sa suíomh tumoideachais, téann ceistiú an mhúinteora níos faide ná an measúnú agus an fiosrúchán, agus baintear úsáid as chun an dalta a mhealladh i dtreo teachtaireacht a chur in iúl ó bhéal ar bhealach

níos sásúla. Bíonn cáiréis ag teastáil chun é sin a dhéanamh, mar aon le héadroime áirithe agus athrú ar an stíl cheistiúcháin, chun brú ar na daltaí a sheachaint. Anseo thíos, pléann múinteoir bunscoile an chaoi a gcabhraíonn sé le leanbh cur síos a dhéanamh ar choincheap ach ról a thabhairt do dhaltaí eile sa phróiseas.

> Má tá tú ag cuardach freagra ar rud nó fianaise den tuiscint atá agat ar fhadhb éigin agus mothaíonn tú go dtuigeann siad an fhadhb ach níl siad ábalta mar níl an teanga acu. Cad é a thig leat a dhéanamh? Is dócha mar a luaigh mé, go dtagann sin ón cheistiú éifeachtach go bhfuil tú in ann rudaí a thiontú thart ar dhóigh. Nach bhfuil tú ag iarraidh an brú a chur orthu agus an tuiscint go bhfuil daoine eile ábalta cuidiú leo. Fiú, má chuidíonn daoine eile leo le tús an ruda agus go dtagann tú ar ais chuig an chéad duine leis an rud a chríochnú i ndiaidh dóibh an giota oibre sin a fháil ó na daoine eile sa rang. (Agallamh 4: Múinteoir bunscoile)

*Aiseolas ceartaitheach*

Anuas ar theagmháil mhinic leis an sprioctheanga, agus straitéisí le hiarrachtaí a spreagadh chun foirmeacha caighdeánacha a thomhas, shonraigh na rannpháirtithe go léir go mbíonn gá le haiseolas ceartaitheach mar chuid den phróiseas sealbhaithe teanga.

*Pleanáil teanga*

Déanann múinteoirí tumoideachais pleanáil chórasach le haghaidh chomhtháthú na teanga le hintinní foghlama ábhair eile. Mar chuid den phleanáil sin, tugtar aird ar leith ar oiriúnacht agus ar oiriúnú acmhainní.

> Ní fhéadfainn an leabhar OSIE thógáil amach agus ceacht staire a dhéanamh mar bheadh a fhios agam go mbeadh sé ródheacair dóibh. Caithfidh tú a bheith ullmhaithe le haghaidh gach rud. Is ceachta foclóir a é gach ceacht. (Agallamh 2: Múinteoir iar-bhunscoile)

Sa phleanáil teanga, ní mór smaoineamh níos faide ná an ceacht féin chun bheith ag coinne le ceisteanna a d'fhéadfaí a chur nó le bealaí eile ina bhféadfaí an ceacht a atreorú. Thuairiscigh na rannpháirtithe go gcuireann an leibhéal pleanála sin dúshlán roimh mhúinteoirí smaoineamh ar a gcumas teanga féin agus ullmhú dá réir sin.

*Measúnú*

Le measúnú comhtháite a dhéanamh ar an ábhar agus ar an teanga, ní mór breathnóireacht chriticiúil ghrinn a dhéanamh agus ní mór aird a thabhairt ar fhoirm na teanga chomh maith leis an ábhar. Leag múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí béim ar a thábhachtaí atá measúnú leanúnach ar dhul chun cinn na ndaltaí sa sprioctheanga.

> Measúnú leanúnach at theanga na ndaltaí de dhíth. (Fócasghrúpa 5: Múinteoir faoi oiliúint)

> [Bíonn tú] ag measúnú go rialta fiú ó bhéal nó an focalstór nó cúrsaí gramadaí, an tuiscint atá acu, rud a dhéanann tú in achan uile cheacht go bunúsach. (Agallamh 3: Múinteoir bunscoile)

Ar leibhéal níos straitéisí, phléigh príomhoide bunscoile an fáth a gcuireann sí in éadan an mheasúnaithe i gcás ina n-úsáidfí an measúnú chun an cleachtas agus an beartas a leagan amach (mar shampla, tús

theagasc foirmiúil an Bhéarla) mar d'fhéadfadh sé an bonn a bhaint de shamhail an tumoideachais. Mhol sí go láidir freagra tomhaiste a thabhairt ar shonraí ó mheasúnuithe i gcónaí.

*Úsáid teanga*

Thug múinteoirí cur síos ar réimse forleathan straitéisí dearfacha chun daltaí a ghríosú leis an nGaeilge a labhairt, sa seomra ranga féin agus lasmuigh de araon. Mhothaigh siad gur cuid bhunúsach dá ról é sin.

*Tumoideachas sna luathbhlianta*

D'aithin múinteoirí na hinniúlachtaí sainiúla a bhíonn de dhíth chun bonn láidir a chur faoin eispéireas tumoideachais sna luathbhlianta. Na straitéisí a bhíonn in úsáid sna luathbhlianta, bíonn siad bunaithe ar bhéim láidir ar bhunchlocha na teanga a leagan síos.

*Cuimsiú agus difreáil*

Bhí na rannpháirtithe an-tuisceanach i leith riachtanais dhifreáilte na ndaltaí. I gcomhthéacs an tumoideachais, shainaithin múinteoirí speictream próifílí teanga i measc na dteaghlach, rud a chuaigh i gcion ar an dúshlán a bhí ann agus ar an scafláil a bhí de dhíth. Luaigh múinteoirí faoi oiliúint gur dúshlán é an difreáil le haghaidh leanaí nua sa suíomh lán-Ghaeilge. Shainaithin múinteoirí inniúlachtaí breise a bhí de dhíth chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, lena n-áirítear freagairt d'idirghníomhaíochtaí le seirbhísí seachtracha nach bhfuil Gaeilge acu.

> Ó thaobh teiripe chainte de agus ó thaobh OT de, tá an tacaíocht sin ar fáil. Níl sé ar fáil trí Ghaeilge i ndáiríre – ana-chuid Béarla atá i gceist ach tá an dúshlán orainn chun na rudaí atá foghlamtha againn ó na daoine siúd a bhíonn ag úsáid Béarla formhór den am é sin a thrasnú go dtí an Ghaeilge. (Agallamh 1: Múinteoir bunscoile)

**Conclúid**

Sa chuid seo, chonaiceamar gur gá máistreacht a bheith ag múinteoirí tumoideachais ar an gcomhtháthú. Déanann siad a n-eolas gairmiúil féin ar an ábhar a chomhtháthú le heolas oideolaíoch; a measúnú ar an ábhar a chomhtháthú le measúnú ar an teanga; a n-aiseolas ceartaitheach ar an teanga a chomhtháthú le haiseolas ar an ábhar, agus meallann siad aird an dalta ó cheann amháin go dtí an ceann eile gan dearmad a dhéanamh ar bhéim an cheachta. Cóiréagrafaíocht chruthaitheach a bhainistítear go cúramach atá i gceist le bainistiú na scileanna sin.

## Teorainneacha an taighde

Tá teorainneacha le haithint sa taighde a rinneadh. Bailíodh sonraí saibhre ó na rannpháirtithe i rith na n-agallamh agus sna grúpaí fócais. Sa mhullach air sin, thug mic léinn a ghlac páirt sa Siompóisiam agus a d'fhreagair an suirbhé, léargas luachmhar ar chroicheist an taighde ach níorbh fhéidir cothrom na Féinne a thabhairt don anailís ar fad a chur sa tuairisc seo, agus súil ar an líon focal. Ba mhaith leis na taighdeoirí torthaí uile an tsaothair seo a chur faoi bhráid réimse níos leithne de pháirtithe leasmhara agus guth na ndaltaí a bheith curtha san áireamh ag an chéad chéim eile sin.

# Conclúid

### Fís choiteann uile-oileáin chun múinteoirí a chumhachtú

Is tasc casta atá sa teagasc tumoideachais, agus ní féidir ach le lucht saothair oilte eolach máistreacht a fháil air. Freagraítear don na ceisteanna taighde sa mhír thuas agus léirítear go soiléir le torthaí an staidéir seo nádúr ilghnéitheach obair na múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge. Sainaithnítear na hinniúlachtaí bunriachtanacha a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, na croí-luachanna, na scileanna agus an t-eolas ag a bhfuil acmhainneacht mhór chun an ghairm a chur chun cinn agus chun freastal níos fearr ar gach aon fhoghlaimeoir san oideachas lán-Ghaeilge.

Aimsíodh eochair-chumasóirí sna sonraí freisin de na croí-inniúlachtaí a sainaithníodh. Ina measc siúd, bhí:

- Cur chuige comhtháite comhordaithe atá oiriúnach don chomhthéacs maidir le foghlaim ghairmiúil ardchaighdeáin múinteoirí ar fud an chontanaim;
- Foghlaim múinteoirí lán-Ghaeilge ar feadh an tsaoil, idir fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil;
- Ceannaireacht láidir fhíseach, bunaithe ar luachanna, eolas agus scileanna an oideachais lán-Ghaeilge, lena ndéantar páirtithe leasmhara a mhealladh go straitéiseach i gcomhthéacsanna éagsúla an oideachais lán-Ghaeilge ar bhealaí cruthaitheacha nuálacha;
- Ábhair churaclaim, acmhainní agus treoirlínte a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus atá ailínithe le critéir shonracha an oideachais lán-Ghaeilge, ina sainaithnítear torthaí teanga sainiúla i réimsí ábhair éagsúla agus ina gcuirtear san áireamh na castachtaí a bhaineann le seomraí ranga tumoideachais ina bhfuil éagsúlacht teangacha;
- Caidrimh chomhoibríocha agus comhpháirtíochtaí freagrachta le tuismitheoirí/caomhnóirí lena spreagtar agus lena bhfairsingítear fás gairmiúil múinteoirí agus lena dtacaítear leis;
- Am chun tabhairt faoi chomhoibriú, pleanáil, nuálaíocht, machnamh, agus forbairt cumais;
- Próisis inmheánacha athbhreithnithe agus féinmheastóireachta scoile lena gcuirtear ar a gcumas do ghairmithe an oideachais lán-Ghaeilge dul i ngleic le réimsí den fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí ar gá iad a fhorbairt, láidreachtaí a cheiliúradh agus cultúir fiosrúcháin a ghiniúint;
- Creat reachtaíochta agus rialála lena ndéantar an fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a mhúnlú agus a threorú;
- An t-ualach oibre breise a bhíonn ar mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a aithint trí dhreasachtaí agus cúitimh chuí;
- Clár taighde don oideachas lán-Ghaeilge lena gcothaítear foghlaim ghairmiúil ardchaighdeáin múinteoirí, agus comhthéacsanna agus cleachtais dhílse an oideachais lán-Ghaeilge.

Leis na torthaí ó staidéar seo SCoTENS, d'fhéadfaí bonn eolais a chur faoi dhearadh creata le haghaidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas in Éirinn. Tá cuma na maitheasa ar an gcreat seo ar na cúiseanna seo a leanas:

- cuirtear ar chumas múinteoirí an oideachais lán-Ghaeilge gabháil d'iniúchadh ar a gcleachtas ar bhealach leanúnach, domhain, córasach agus machnamhach .i. feasacht a fhorbairt ar na réimsí sin ar gá iad a fhorbairt, réimsí a aithint ina bhfuil an múinteoir ar fheabhas ar fad, agus tuiscint níos doimhne a chur chun cinn ar ghnéithe comhthéacsúla agus b'fhéidir ar ghnéithe córasacha a chuireann bac ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim éifeachtach san oideachas lán-Ghaeilge;
- cuirtear bonn eolais faoin gceannaireacht agus faoin gcleachtas tumoideachais ar leibhéal na forbartha curaclaim, an dearaidh ábhair, an teagaisc sa seomra ranga, na foghlama agus an mheasúnaithe;
- cuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí iniúchadh a dhéanamh ar réimsí éagsúla an eolais atá ag múinteoirí san oideachais lán-Ghaeilge agus na réimsí sin a mhapáil, agus féachaint ar an gcaoi a múnlaíonn an bonn eolais sin an cleachtas agus torthaí na ndaltaí;
- spreagtar an lucht déanta beartas chun réimsí forbartha a shainaithint, go háirithe réimsí a rachfar i ngleic leo ina dhiaidh sin trí oideachas múinteoirí saincheaptha agus tionscnaimh spriocdhírithe maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí.

### Impleachtaí le haghaidh an bheartais, an chleachtais agus an taighde

Tá sé bunriachtanach go ndéanfaidh an lucht déanta beartas na nithe seo a leanas:

- múinteoirí tumoideachais a aithint mar shaineolaithe ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc;
- croí-inniúlachtaí an tumoideachais a fhréamhú i gcreataí cáilíochta agus i gcaighdeáin ghairmiúla le léiriú a thabhairt ar a bhfuil coinne leis ó mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus ar conas is féidir leo feabhas a chur orthu féin ag céimeanna éagsúla dá saol gairmiúil;
- cumhdach leormhaith de chroí-inniúlachtaí an tumoideachais a áirithiú i gcláir oiliúna tosaigh múinteoirí;
- caighdeáin a ghlacadh le haghaidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí chun dearadh, measúnú agus cistiú tionscnamh foghlama gairmiúla múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a threorú. Ar an gcaoi sin, chuirfí ar a gcumas do mhúinteoirí lán-Ghaeilge croí-inniúlachtaí sin an tumoideachais a léiriú agus a fhorbairt;
- an úsáid ama i scoileanna lán-Ghaeilge a mheasúnú agus a athdhearadh chun deiseanna níos mó a chur ar fáil don fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí agus don chomhoibriú;
- an creat le haghaidh foghlaim ghairmiúil san oideachas lán-Ghaeilge a chomhtháthú i dtionscnaimh feabhsaithe scoile;
- cistiú solúbtha agus deiseanna foghlama gairmiúla múinteoirí a chur ar fáil lena n-áirítear rannpháirtíocht mharthanach sa chomhoibriú, sa mheantóireacht agus sa chóitseáil.

Cumasóidh torthaí an taighde gairmithe san oideachas lán-Ghaeilge agus cuirfidh na torthaí ar a gcumas dóibh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- gabháil do chomhráite doimhne dúshlánacha maidir leis an gceird
- machnamh a dhéanamh ar luachanna, eolas, agus scileanna agus cleachtais oideolaíocha, idir iad atá ann faoi láthair agus iad atá inmhianaithe
- spriocanna, pleananna agus táscairí ratha maidir le foghlaim ghairmiúil múinteoirí a dhéanamh trédhearcach
- dearcthaí agus patrúin chleachtais sheanbhunaithe a athbhreithniú agus a bheachtú

- plean scoile uile maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí a dhearadh chun dul i ngleic le riachtanais aitheanta na foirne ó thaobh na foghlama gairmiúla de.

Tá taighde breise bunriachtanach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- iniúchadh a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an gcreat seo le haghaidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí tumoideachais mar bhonn chun treoirlínte a cheapadh i dtéarmaí inniúlachtaí gairmiúla agus córais tacaíochta le haghaidh oideachas múinteoirí tumoideachais agus le haghaidh na forbartha gairmiúla in Éirinn;
- an cineál tacaíochta is éifeachtaí a dheimhniú chun bonn eolais múinteoirí tumoideachais a fhorbairt agus chun ullmhú agus forbairt múinteoirí tumoideachais a chur chun cinn;
- féachaint ar ról eolas an mhúinteora tumoideachais ó thaobh cháilíocht an teagaisc agus ó thaobh thorthaí na ndaltaí de;
- scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt an eolais a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas atá ag múinteoirí agus ar a éifeachtaí atá deiseanna foghlama gairmiúla múinteoirí;
- iniúchadh a dhéanamh ar ról oideoirí múinteoirí mar gheatóirí inniúlachtaí múinteoirí tumoideachais;
- tacaíocht a fhorbairt le haghaidh fís chomhroinnte maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge in Éirinn.

Bíonn an gort seo ag athrú i rith an ama, rud a spreagann múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge chun leas a bhaint as claochluithe oideachais le bheith nuálach ina gcuid teagaisc féin. Dá bhrí sin, is ríthábhachtach an rud é athnuachan leanúnach a dhéanamh ar a gcroí-inniúlachtaí, bunaithe ar an taighde agus ar an gcleachtas, le haghaidh forbairt agus gairmiúlacht múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus chun máistreacht a fháil ar athruithe oiriúnaitheacha agus bunathraitheacha. Tá sé d'acmhainneacht ag an taighde seo bonn eolais a chur faoin mbeartas maidir le hoideachas múinteoirí tumoideachais, malartú gairmiúil san oideachas lán-Ghaeilge a neartú, agus leasú agus leathnú an churaclaim san oideachas lán-Ghaeilge a spreagadh.

## Tagairtí


Andrews, A. (2006) *Two windows on the world: language immersion education.* Béal Feirste: Iontaobhas Trust.

Baker, C. & Wright, W. E. (2017) *Foundations of bilingual education and bilingualism* (6ú heagrán). Briostó: Multilingualism Matters.

Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (eag.) (2020) *Teacher development for immersion and content-based instruction*. Benjamins.

Cammarata, L., & Cavanagh, M. (2018) *In search of immersion teacher educators' knowledge base: Exploring their readiness to foster an integrated approach to teaching.* Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 6(2), 189-217

Cammarata, L., & Tedick, D. J. (2012) *Balancing content and language in instruction: The experience of immersion teachers.* Modern Language Journal, 96, 251–269.

Cloud, N., Genesee, F. & Hamayan, E. (2000) *Dual language instruction: A handbook for enriched education.* Bostún: Heinle and Heinle.

Comhairle na hEorpa. (2020) *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment.* Companion volume. Comhairle na hEorpa. https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4

An Roinn Oideachais (2016) *Learning Leaders: A Strategy for Teacher Professional Learning*. Le fáil ar https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/strategy-document-english.pdf

Department of Education, NI (2021) *A Fair Start.* Le fáil ar *https://www.education-ni.gov.uk/publications/fair-start-final-report-action-plan*

An Roinn Oideachais (2022) *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna.* Baile Átha Cliath: An Chigireacht.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.* Le fáil ar www.education.ie

Farren, S., Clarke, L. & O Doherty, T. (2019) *Teacher Preparation in Northern Ireland*. An Ríocht Aontaithe: Emerald Publishing.

General Teaching Council for Northern Ireland [GTCNI] (2007) *Teaching: The Reflective Profession*, Béal Feirste: GTCNI, [Ar líne]. Le fáil ar https://gtcni.org.uk/cmsfiles/Resource365/Resources/Publications/The_Reflective_Profession.pdf.

Genesee, F., Lindholm-Leary, K. J., Saunders, W. & Christian, D. (2006). *Educating English language learners.* Nua-Eabhrac, NY: Cambridge University Press.

Guerrero, M. agus Lachance, J., (2018) *The National Dual Language Education Teacher Preparation Standards*. Albuquerque, NM: Fuente Press.

Harley, B. (1984) How good is their French? *Language and Society*, 10, 55–60.

Harley, B. (1992) Patterns of second language development in French immersion. *Journal of French Language Studies*, 2, (2), 159-183.
Hoare, P. & Kong, S. (2008) Late immersion in Hong Kong: Still stressed or making progress? In T. W. Fortune agus D. J. Tedick (eag.). *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education* (lgh 242-263). Clevedon, Sasana: Multilingual Matters.
Hunt V. (2011) *Learning from success stories. Leadership structures that support dual language programs over time in New York City.* International Journal of Bilingual Education and Bilingualism. 14(2): 187-206.
Johnstone, R. (2001) *Immersion in a Second Language at School. Review of International Research*. Albain: SCILT
Lambert, W. E., & Tucker, G. R. (1972) *The bilingual education of children: The St. Lambert experiment.* Rowley, MA: Newbury House.
Llinares, A., Morton, T., & Whittaker, R. (2012) *The roles of language in CLIL.* Cambridge: Cambridge University Press.
Lyster R., & Ballinger, S. (2011) *Content-based language teaching: Convergent concerns across divergent contexts.* Language Teaching Research, 15.3, 279-288.
Lyster, R. (2007) *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach.* Amstardam: John Benjamins.
Lyster, R. & Tedick, D. (2014) *Research perspectives on immersion pedagogy looking back and looking forward.* Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 2 (2), 210-224.
Mac Corraidh, S. (2008) *Ar thóir an dea-chleachtais: The quest for best practice in Irish-medium primary schools in Belfast.* Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.
Mac Corraidh, S. (2021) *Gnéithe d'idirtheanga na Gaeilge i measc déagóirí sa mheánscolaíocht lán-Ghaeilge agus cleachtas oideolaíoch a fhairsingeoidh a bhfeasacht ar noirm na Gaeilge: cur leis an díospóireacht.* In Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.), *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais? An Dara Comhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
Maguire, G. (1990) *Our Own Language*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.
Maguire, G. (2006) *St Mary's University College and Irish-Medium Teacher Training.* In D. Ó Riagáin, (eag.), *Voces Diversae: Lesser-Used Language Education in Europe*. Belfast Studies in Language, Culture and Politics, 15. Béal Feirste: QUB
Mehisto, P., & Genesee, F. (Eag.) (2015) *Building bilingual education systems: Forces, mechanisms and counterweights.* Cambridge, an Ríocht Aontaithe: Cambridge University Press.
Mhic Aoidh, E. (2020) Na torthaí foghlama a bhfuil súil leo sa naíscolaíocht lán-Ghaeilge. In G.Nig Uidhir, S. Mac Corraidh & C Ó Pronntaigh (eag.) *Taighde agus Teagasc,* Vol 7. Belfast: SMUCB. Available at https://www.stmarys-belfast.ac.uk/academic/research/resjournal.asp?cid=158566400917

Mhic Aoidh, E. (2021) *Inniúlachtaí teanga na múinteoirí sa lántumadh luath.* In Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.), *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais? An Dara*

*Comhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Mhic Aoidh, E., Garland, J., Nig Uidhir, G agus Sweeney, J. (2012) *Irish-medium teacher education: Lessons from self-evaluation.* In F. Waldron, J. Smith, M. Fitzpatrick agus T. Dooley (eag.), *Re-imagining Teacher Education: Perspectives in Transformation* Liffey Press, lgh 266-284.

Mhic Mhathúna, M. & Nic Fhionnlaoich, F. (2021) *Why parents chose to send their children to Irish-medium immersion preschools: learning from parental choice strategies in Celtic countries*. European Early Childhood Education Research Journal, 29:3, 441-454, DOI: 10.1080/1350293X.2021.1928718

Morton, T. (2016) *Conceptualizing and investigating teachers' knowledge for integrating content and language in content-based instruction*. Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 4(2), 144–167.

Murthagh, L. & Seoighe, A. (2022) *Educational psychological provision in Irish medium primary schools in indigenous Irish language speaking communities (Gaeltacht): Views of teachers and educational psychologists.* British Journal of Educational Psychology, Iml. 92, uimh. 4. Lgh 1278-1294. Le fáil ar www.cogg.ie

Ní Chathasaigh C (2020) *Ról agus freagracht an mhúinteora ábhair sa Ghaelcholáiste maidir le cruinnúsáid na Gaeilge i measc scoláirí a chothú: Creidiúintí, dúshláin agus cleachtais.* Tráchtas M. Oid., Ollscoil luimnigh, Éire.

Ní Chathasaigh, C. & Ó Ceallaigh, T.J. (2021) *Feasacht teanga an mhúinteora ábhair iarbhunscoile sa tumoideachas: Dearcthaí, eispéiris agus tuairimí múinteoirí ábhair i nGaelcholáistí.* COMHAR *Taighde* 7 https://doi.org/10.18669/ct.2021.03

Ní Chearnaigh, L. (2016) *Tionchar an chur chuige scéalaíochta ar shealbhú agus ar fhorbairt Ghaeilge labhartha na naíonán i suíomh Gaelscoile.* In T.J. Ó Ceallaigh agus M. Ó Laoire, (eag.) An Tumoideachas: Bua nó Dua? Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíóchta. Le fáil ar www.cogg.ie.

Ní Chlochasaigh K, Shiel G & Ó Duibhir P (2020) *An Investigation of Immersion Education for Students in Irish-medium Schools in Area of Disadvantage*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Dhiorbháin, A. & Ó Duibhir, P. (2016) *An explicit-inductive approach to grammar in Irish-medium immersion schools.* Language Awareness, 26(1), lgh 7-12.

Ní Dhiorbháin, A., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (2023) *Soláthar san oideachas lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu.* Baile Átha Cliath: Sealbhú, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Le fáil ar www.cogg.ie.

Ní Dhiorbháin, A., Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. (2021) *Dearcthaí múinteoirí lán-Ghaeilge ar a n-inniúlacht sa ghramadach agus ar chur chuige nuálach do theagasc na gramadaí.* In G. Nig Uidhir, S. Mac Corraidh & C. Ó Pronntaigh (eag.) *Taighde agus Teagasc 7.* Béal Feirste: SMUCB

Ní Thuairisg L. (2014) *Léargas ar thaithí mhúinteoirí lar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshláin Ghairmiúla agus Riachtanais Oiliúna.* Tráchtas PhD san Oideachas, Coláiste Phádraig, Droim Chonrach, Baile Átha Cliath, Éire.

Nic Réamoinn, E. (2017) *Forbairt teanga an mhúinteora sa Ghaelcholáiste.* Tráchtas neamhfhoilsithe don Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Nig Uidhir, G. (1996) *Oiliúint Múinteoirí do Scoileanna Meán Gaeilge. Tuairisc ar Chur i láthair Cosán Nua Meán Gaeilge i gColáiste Mhuire, Béal Feirste*. Meitheamh 1996 Béal Feirste: SMUCB. (Tuarascáil neamhfhoilsithe don Roinn Oideachais.)

Nig Uidhir, G. (2006) The Shaw's Road urban Gaeltacht: role and impact. In F. De Brún (eag), *Belfast and the Irish Language*. Dublin: Four Courts Press. pp. 136146.

Nig Uidhir, G. Ó Cathalláin, S. & Ó Duibhir, P. (2016) *Tuismitheoirí ina ngníomhairí in earnáil an Ghaeloideachais*. COMHARTaighde, 2, (1):2-28 [DOI]

Nig Uidhir, G., Mac Corraidh, S., Nic Gearailt, E., Mhic Aoidh, E. & Nic Íomhair, A. (2020) *Deich mbliana ag fás: Anailís ar an Ghaeilge labhartha agus scríofa ag daltaí Bhliain 10.* In G. Nig Uidhir, S .Mac Corraidh agus C. Ó Pronntaigh (eag.) *Taighde agus Teagasc,* Iml. 7. Béal Feirste: SMUCB. Le fáil ar https://www.stmarys-belfast.ac.uk/academic/research/resjournal.asp?cid=158566400917

Ó Ceallaigh, T.J. (2013) *Teagasc foirm-dhírithe i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge: Imscrúdú criticiúil ar dhearcthaí agus ar chleachtais mhúinteoirí.* Tráchtas PhD neamhfhoilsithe. Corcaigh: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ó Ceallaigh, T.J. (2020) *Feasacht teanga múinteoirí a nochtadh tríd an Staidéar Ceachta.* Taighde agus Teagasc 7, lgh 171-186.

Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. and Leavy, A. (March 2017). Towards a reconceptualization of classroom pedagogy in immersion education. *Language in Focus 2017, Multiple Perceptual Frames on ELT and SLA*, Famagusta, Cyprus, March 2-4 2017.

Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A. (2018) *Developing potentiality: pre-service elementary teachers as learners of language immersion teaching.* International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, DOI:10.1080/13670050.2018.1489779.

Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. and Leavy, A. (2019). Comhtháthú an ábhair agus na teanga i gcomhthéacs an tumoideachais: múinteoirí faoi oiliúint i mbun éabhlóide tríd an Staidéar Ceachta. COMHARTaighde, [online] (5), pp.3–14. Available at: https://comhartaighde.ie/eagrain/5/oceallaigh-hourigan-leavy/ [Accessed 1 Jun. 2023].

Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Brolcháin, C. (2020) *Trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge: Deiseanna agus dúshláin.* Taighde agus Teagasc 7, lgh 155-170.

Ó Ceallaigh, T. J. & Ó Laoire, M. (eag.) (2021) *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais. An Dara Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála / The Second All-Ireland Research Conference on Immersion Education: Conference Proceedings.* Le fáil ar www.cogg.ie

Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. & Uí Chonghaile, M. (2019) *Comhtháthú ábhar agus teanga san iarbhunscoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea-chleachtais a nochtadh.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Le fáil ar www.cogg.ie

Ó Ceallaigh, T. J. & Ní Shéaghdha, A. (2017) *Critéir aitheantais cuí um dhearbhú cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann.* Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.

Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghdha, A. (2021) *Leadership and school self-evaluation in Irish-medium immersion: A roadmap for success.* Educational Management Administration & Leadership, https://doi.org/10.1177/17411432211015218

Ó Duibhir P. (2009) *'The spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion schools'*, [thesis], Trinity College (Dublin, Ireland). Centre for Language and Communication Studies.

Ó Duibhir, P. (2011) *I Thought That We Had Good Irish: Irish Immersion Students' Insights into Their Target Language Use.* In D. J. Tedick, D. Christian agus T. Williams Fortune (eag) *Immersion Education: Practices, Policies, Possibilities*. Briostó: Multilingual Matters.

Ó Duibhir, P. (2018) *Immersion education: Lessons from a minority language context.* Briostó: Multilingual Matters.

Ó Treasaigh, D. (2019) *Conas mar a théann an TFC i bhfeidhm ar inniúlacht an mhúinteora ag an dara leibhéal.* Tráchtas neamhfhoilsithe don Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Pétervary, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. (2014) *Analysis of bilingual competence: Language acquisition among young people in the Gaeltacht.* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Shulman, L.S. (1987). *Knowledge and teaching: Foundations of a new reform.* Harvard Educational Review, 57, (1), 1-21.

SMUCB (2021) *New approaches to teacher professional learning. Teaching Profession Project, Seminar 3*. Le fáil ar https://www.youtube.com/watch?v=2P5idBHy1yw

Swain, M. & Johnson, R.K. (1997) *Immersion education: A category within bilingual education.* In R.K. Johnson & M. Swain (eag.), Immersion education: International perspectives, (lgh 1-16). Cambridge, an Ríocht Aontaithe: Cambridge University Press.

Teaching Council (2020) *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí.* Le fáil ar https://www.teachingcouncil.ie/ga/foilseachain/oideachas-muinteoiri/ceim-caighdeain-doideachas-tosaigh-muinteoiri.pdf

Tedick, D. & Wesely, P. (2015) *A review of research on content-based foreign/second language education in US K-12 contexts*. Language, Culture and Curriculum, 28:1, 25-40, DOI: 10.1080/07908318.2014.1000923 Le fáil ar http://dx.doi.org/10.1080/07908318.2014.1000923

Tedick, D. J., & Mathieu, C. (2018, May). *Validating a rubric for immersion teacher assessment.* In T.J. Ó Ceallaigh (Cathaoirleach), An Cumas Teagaisc agus Ceannaireachta a fhorbairt sa Tumoideachas [Siompóisiam]. An Dara Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas, Luimneach.

Tedick, D. J., & Zilmer, C. (2020) *Teacher perceptions of immersion professional development experiences emphasizing language-focused content instruction.* In L. Cammarata, & T.J. Ó Ceallaigh (eag.), *Teacher development for immersion and content-based instruction* (lgh 119-144*).* Amsterdam/Philadelphia: John Benjamin.

Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020) *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms.* Nua-Eabhrac: Routledge.

Thomas, W.P. & Collier, V.P. (2017) *Why dual language schooling.* Albuquerque: Dual Language Education in New Mexico and Fuentre Press.

Walsh, C (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Watanabe, A. (2022) Researcher Reflexivity and Reflective Dialogue. In Z. Tajeddin agus A. Watanabe (eag) *Teacher Reflection- Policies, Practices and Impacts*. Briostó: Multilingual Matters.

## Aguisín 1: Achoimre ar shaintréithe, cleachtais agus caighdeáin le haghaidh an tumoideachais

| Saintréithe criticiúla den oideachas saibhrithe<br>*(Cloud, Genesee & Hamayan, 2000)* | Caighdeáin náisiúnta maidir le hullmhú múinteoirí le haghaidh oideachas dhá theanga<br>*(Guerrero & Lachance, 2018)* | Táscairí maidir leis an dea-chleachtas san oideachas lán-Ghaeilge<br>*(Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017)* | Cleachtais teagaisc éifeachtacha in dhá theanga<br>*(Tedick & Mathieu, 2018)* | Cleachtais ríthábhachtacha le haghaidh cur i bhfeidhm praiticiúil<br>*(Ó Ceallaigh, Hourigan & Leavy, 2017, 2019)* |
|---|---|---|---|---|
| • rannpháirtíocht tuismitheoirí<br>• caighdeáin arda<br>• ceannaireacht láidir<br>• is de nádúr forbartha iad cláir éifeachtacha<br>• teagasc dalta-láraithe<br>• tá an teagasc fite fuaite le teagasc acadúil dúshlánach<br>• múinteoirí machnamhacha<br>• déantar cláir a chomhtháthú le cláir scoile eile agus le scoileanna eile<br>• féachann na cláir leis an dátheangachas suimitheach a bhaint amach | • dátheangachas agus délitearthacht<br>• inniúlacht shoch-chultúrtha<br>• teagasc agus oideolaíochtaí<br>• measúnú barántúil<br>• gairmiúlacht, abhcóideacht agus idirghabháil<br>• dearadh cláir agus ceannaireacht churaclaim | • cuimsitheacht na samhla tumoideachais<br>• struchtúr an chláir<br>• comhtháthú agus pleanáil<br>• freagracht, ceannaireacht agus meastóireacht<br>• curaclam<br>• oideolaíocht<br>• forbairt ghairmiúil shaincheaptha<br>• teagasc córasach T2/T1<br>• naisc láidre leis an bpobal<br>• úsáid teanga agus sóisialú a uasmhéadú<br>• tacaíocht rialtais agus acmhainní | • pleanáil le haghaidh chomhtháthú na teanga, an ábhair agus an chultúir<br>• teagasc ar son fhorbairt na délitearthachta<br>• timpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh teanga de a chothú<br>• scafláil ar mhaithe le tuiscint na ndaltaí<br>• scafláil ar mhaithe le ginchumas na ndaltaí<br>• teagasc ar mhaithe leis an gcomhtháthú ábhair agus teanga<br>• tacú le foghlaimeoirí éagsúla<br>• gníomhú mar urlabhraí ar son daltaí agus clár | • pleanáil réamhghníomhach<br>• ionchur (sothuigthe agus foirm-dhírithe)<br>• béim ar an aschur<br>• próiseáil agus idirghníomhaíocht atá dírithe ar bhrí<br>• teagasc foirm-dhírithe<br>• feasacht teanga an mhúinteora<br>• cleachtas machnamhach<br>• measúnú |